Curaclam na Bunscoile

Primary School Curriculum

# Ceol

## Oideachas Ealaíon

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha: Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag: The Identity Business
Arna chur i gcló ag: Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag: Mozzon Giuntina - Florence agus
Officine Grafiche De Agostini - Novara

© 1999 Rialtas na hÉireann

# Ceol

## Oideachas Ealaíon

### Curaclam

# Clár

## Réamhrá

| | |
|---|---|
| **Oideachas ealaíon** | 2 |
| Curaclam oideachas na n-ealaíon | 2 |
| Aidhmeanna | 5 |
| **Ceol** | 6 |
| Aidhmeanna | 13 |
| Cuspóirí leathana | 14 |

## Ranganna naíonán

| | |
|---|---|
| Foramharc | 17 |
| Pleanáil | 18 |
| Forbairt coincheap | 20 |
| Ábhar | 21 |

## Ranganna 1 agus 2

| | |
|---|---|
| Foramharc | 29 |
| Pleanáil | 30 |
| Forbairt coincheap | 32 |
| Ábhar | 34 |

## Ranganna 3 agus 4


Foramharc 45
Pleanáil 46
Forbairt coincheap 48
Ábhar 50


## Ranganna 5 agus 6


Foramharc 63
Pleanáil 64
Forbairt coincheap 66
Ábhar 68


## Measúnú


Measúnú 84


## Aguisín


Gluais 94
Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon 97
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 98

# Réamhrá

# Oideachas ealaíon



Is é atá sna healaíona ná léiriú eagraithe in íomhánna, i gceol, i dteanga, i ngothaí agus i ngluaiseacht d'idéanna, de mhothúcháin agus d'eispéiris. Déanann siad soláthar do shaibhriú céadfaíoch, mothúchánach, intleachtach agus cruthaitheach an pháiste agus cuireann siad lena f(h)orbairt iomlánaíoch. Forbraítear an-chuid de na rudaí is mó a bhfuil meas orthu sa tsochaí trí fhoirmeacha éagsúla ealaíne a oibríonn chun spiorad cultúrtha agus mothú dea-bhaile a chothú.

Cuireann oideachas ealaíon ar chumas an pháiste bealaí eile caidrimh le daoine a iniúchadh. Spreagann sé idéanna atá pearsanta agus airgtheach agus cuidíonn sé go mór chun raon de chumais intleachta a fhorbairt. Saibhríonn oideachas ealaíon a bhfuil cuspóir leis saol an pháiste bhunscoile go mór agus is fíorluachmhar é chun cumas machnaimh chruthaithigh a spreagadh agus chun acmhainn agus cumas chun oiriúnaithe a fhorbairt. Cuirtear béim ar an bpróiseas cruthaitheach agus sa chaoi sin déantar deimhin de go mbíonn obair an pháiste pearsanta agus ar chaighdeán ard. Bíonn meas ar a (h)iarrachtaí chun é/í féin a chur in iúl trí mheán na healaíne, forbraítear féinmhuinín, spreagtar spontáineacht agus fonn fiontraíochta agus cuirtear fáilte roimh éagsúlacht. Is í an ghné thacúil seo den ealaín chruthaitheach a dhéanann eispéireas chomh dearfach sin don pháiste dá p(h)áirtíocht inti. Is cuid dhílis den oideachas bunscoile é an t-oideachas ealaíon i bhforbairt cumais mhachnaimh, shamhlaíochta agus íogaireachta; is féidir na gníomhaíochtaí ealaíne a bheith ina bhfócas d'fhorbairt shóisialta agus chultúrtha agus ina n-ábhar taitnimh sa scoil.

Cuimsíonn oideachas ealaíon raon de ghníomhaíochtaí sna hamharcealaíona, i gceol, i ndrámaíocht, i ndamhsa agus sa litríocht. Cuidíonn na gníomhaíochtaí agus na heispéiris seo leis an bpáiste chun an saol a thuiscint, chun ceisteanna a chur, chun tuairimíochta agus chun fadhbanna a réiteach, agus chun déileáil lena m(h)othúcháin agus freagairt d'eispéireas cruthaitheach.

## Curaclam oideachas na n-ealaíon

Soláthraíonn curaclam oideachas na n-ealaíon cothromaíocht idir léiriú agus riachtanas an pháiste taithí a fháil ar na hamharcealaíona, ar cheol agus ar dhrámaíocht, agus freagairt dóibh. Déantar cur síos ar dhamhsa sa churaclam corpoideachais agus léirítear sna curaclaim theanga mar a chuidíonn an litríocht le forbairt mhothúchánach agus le forbairt shamhlaíocht an pháiste.

Is é atá sa churaclam amharcealaíon ná gníomhaíochtaí comhghaolmhara sna nithe seo: *ealaín a dhéanamh, breathnú ar ealaín* agus *freagairt di.*

Soláthraítear raon de ghníomhaíochtaí trína ndéantar an amharcthimpeallacht a bhreathnú, a iniúchadh agus a léirthuiscint agus trína ndéantar freagairt di. Is é atá i gceist le breathnú ná dearcadh go feasach agus go tuisceanach ar na hamharcghnéithe agus ar an gcaoi ina n-imríonn siad ar a chéile sa timpeallacht agus i saothar ealaíne. Cuid dhílis í an fheasacht seo d'fhorbairt amharcléirithe agus de fhreagairt phearsanta an pháiste ar eispéireas cruthaitheach. Bíonn obair le raon de mheáin, idir obair dhéthoiseach agus obair thríthoiseach, i gceist le healaín a dhéanamh. Bíonn forbairt tuisceana ar thréithe intreacha na healaíne chomh maith le forbairt taitnimh aeistéitiúil uirthi i gceist sa léirthuiscint. Agus an clár á fhorbairt lorgaítear cothromaíocht idir gníomhaíochtaí léirithe nó déanta agus deiseanna breathnaithe agus freagartha ar amharcfhoirmeacha ealaíne a bhaineann le stíleanna, tréimhsí agus cultúir dhifriúla. Tá an oidhreacht náisiúnta, ina n-áirítear traidisiúin áitiúla ceardaíochta agus a bhforbairtí nua-aimseartha, ar na foirmeacha ealaíne sin.

Is é atá sa churaclam ceoil ná gníomhaíochtaí *éisteachta agus freagartha, léirithe* agus *cumadóireachta*. Leagtar béim ar ghéaréisteacht ní hamháin i ngeall ar an taitneamh a ghabhann léi ach, chomh maith, i ngeall ar a feidhm lárnach sa chumadóireacht agus sa léiriú. Déantar an páiste a ghríosadh chun géaréisteacht a dhéanamh le fuaimeanna sa timpeallacht agus, de réir a chéile, chun feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-eagraítear fuaim i gceol. Bíonn cothromaíocht idir amhránaíocht agus seinm a s(h)aothair féin agus saothair dhaoine eile ar uirlis cheoil i gceist sa léiriú. Déantar slite chun ceol a úsáid a iniúchadh trí chumadóireacht ina mbaintear feidhm as an nguth agus as cumadóireacht le cabhair raonta forásacha d'uirlisí ceoil. I bhforbairt an chláir déantar léiriú a chothromú le deiseanna chun raon ceoil a chloisteáil agus freagairt phearsanta a dhéanamh dó. Sa raon ceoil sin cuimsítear ceol a bhaineann le stíleanna, tréimhsí agus cultúir dhifriúla, agus an stór ceoil náisiúnta ina fhoirmeacha náisiúnta agus réigiúnacha san áireamh. Sa churaclam, moltar gníomhaíochtaí comhghaolmhara éisteachta, léirithe agus cumadóireachta.

Cuimsíonn an curaclam drámaíochta raon de ghníomhaíochtaí comhghaolmhara ina ndéantar *mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint níos fearr a chothú*. Déantar téamaí agus saincheisteanna a iniúchadh, cruthaítear comhthéacsanna sábháilte chuige sin agus cuirtear deiseanna ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar na léargais a eascraíonn as an bpróiseas. Baintear lánúsáid as eolas, spéiseanna agus díocas an pháiste. Sa drámaíocht déanann páistí ceannfháthanna daoine agus na gaolta a bhíonn idir daoine i ndearbhchomhthéacs, i

gcomhthéacs samhailteach nó i gcomhthéacs stairiúil a iniúchadh mar chabhair dó/di an saol ina maireann sé/sí a thuiscint. Laistigh de chomhthéacs sábháilte na drámaíochta spreagtar an páiste chun cinnteoireachta agus chun freagracht a ghlacadh as a gcinneann sé/sí.

Cuireann damhsa deiseanna ar fáil do pháistí a mbá nádúrtha le gluaiseacht *lánléiritheach* a eagrú agus a fhorbairt i bhfoirm dhamhsa. Spreagtar iad chun raon de ghluaiseachtaí coirp a iniúchadh agus a thástáil trí dhamhsa agus chun raon de mhothúcháin agus de bhraistintí a chur in iúl. Cuimsíonn an clár damhsa gníomhaíochtaí dírithe ar dhamhsa a iniúchadh, a chruthú agus a léiriú agus ar thuiscint ar fhoirmeacha an damhsa a fhorbairt.

Sa litríocht treoraítear an páiste chun saol na samhlaíochta a iniúchadh agus chun a fhionnachtain mar a bheotar é trí theanga. Cothaítear teanga lánléiritheach, idir labhartha agus scríofa, i ngeall ar an taitneamh a bhaineann léi agus mar chabhair d'fhorbairt feasachta aeistéitiúla.

## Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna oideachas na n-ealaíon ná

- a chur ar chumas an pháiste idéanna, mothúcháin agus eispéiris a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl trí raon de ghníomhaíochtaí ealaíne
- eispéiris aeistéitiúla a chur ar fáil agus feasacht aeistéitiúil a fhorbairt ar na hamharcealaíona, ar an gceol, ar dhrámaíocht, ar dhamhsa agus ar litríocht
- feasacht, íogaireacht agus taitneamh a fhorbairt sa pháiste i leith cáilíochtaí amhairc, cloiste, tadhaill agus spásúlachta ina t(h)impeallacht
- a chur ar chumas an pháiste a b(h)uanna agus a (h)achmhainní dúchasacha a fhorbairt, teicníochtaí a shealbhú, agus na scileanna atá riachtanach chun léiriú cruthaitheach a dhéanamh agus chun taitneamh a bhaint as rannpháirtíocht i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne a chleachtadh
- a chur ar chumas an pháiste fadhbanna a aithint agus a réiteach go cruthaitheach trí mhachnamh samhlaíoch a dhéanamh agus sa tslí sin leithlí agus fiontraíocht a chothú
- féinmhuinín agus féinmheas an pháiste a mhórluacháil trí mheas ar fhéinléiriú a chothú
- feasacht ar fheabhas na healaíne mar aon le léirthuiscint uirthi a chothú, pé acu ealaín i gcomhthéacs áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó domhanda, nó ealaín i gcomhthéacs comhaimseartha nó i gcomhthéacs an am atá thart a bhíonn i gceist
- léirthuiscint chriticiúil ar ealaín a chothú ar mhaithe le sásamh agus taitneamh pearsanta.

# Ceol

Modh ealaíne é ceol atá préamhaithe go domhain i nádúr an duine. Is corp discréideach eolais é, meán sainiúil cumarsáide agus dóigh trína n-eagraítear agus trína gcuirtear mothúcháin agus spéiseanna in iúl. Is réimse é a thugann eispéireas an-sásúil ag leibhéal pearsanta nó i bpáirt agus a chothaíonn mothú domhain dea-bhaile. Tugann ceol deiseanna fadsaoil do chothú samhlaíochta, íogaireachta, cruthaitheachta, fiontraíochta agus taitnimh.

Bíonn acmhainn ceoil ag páistí de gach aois agus cumas, agus ceiliúrann an t-oideachas ceoil difríochtaí aonánacha ina measc. Bíonn léiriú ceoil an pháiste agus a f(h)reagairt d'eispéireas ceoil bailí agus déantar cruthaitheacht agus nuacht ina phíosaí cumadóireachta a chothú agus a mhórluacháil. Is gné riachtanach d'fhorbairt sa cheol a bheith ábalta iniúchadh agus turgnamh faoi threoir a dhéanamh le teaglamaí d'fhuaimeanna agus dul i bhfiontar leo. San oideachas ceoil tugtar aitheantas chomh maith do chosúlachtaí idir páistí agus don taitneamh a ghabhann le heispéiris i bpáirt ina n-éilítear comhoibriú, dianmhachnamh agus smacht. Cuireann gníomhaíocht cheoil, go haonánach nó i bpáirt le páistí eile, le forbairt chruthaitheacht agus fhéinmheas forásach an pháiste.

Is cuid de churaclam cothrom é oideachas ceoil, curaclam a chuireann roimhe forbairt a dhéanamh ar gach gné d'intleacht an pháiste. Bíonn foghlaim sna príomh-réimsí eolais, scileanna, dearcaidh, mothúchán agus céadfaí i gceist ann. Dá bhrí sin cuireann sé leis an gcuraclam ina iomláine ar iliomad bealach. Mar shampla, le linn dó/di bheith ag éisteacht le ceol chun sult a bhaint as nó ar son gnéithe nó patrún sainiúil, bíonn an páiste ag forbairt scileanna grinnis, dianmhachnaimh agus athmhachnaimh atá riachtanach chun tuisceana in ábhair eile. Forbraítear cianchuimhne agus garchuimhne agus cuirtear le réasúnaíocht spásúlach de réir mar a fhoghlamaíonn an páiste conas rudaí fisiceacha a shamhlú, na fuaimeanna a dhéanann sé/sí go hinmheánach a chloisteáil agus difríochtaí eatarthu a aithint. Cuireann an cumas ar rudaí a shamhlú agus ar smaoineamh i bhfoirm theibí le scileanna fadhbréitigh in go leor achar curaclaim. Mar chuid den phróiseas déanta ceoil airíonn an páiste sásamh na gnóthachtála de réir mar a bhíonn sé/sí ag léiriú nó ag cruthú, go haonánach nó mar bhall de ghrúpa. Forbraíonn an páiste scileanna teicniúla agus ealaíne, ina dtagann comhordú matán agus grinnghluaiseacht i gceist, chomh maith le scileanna buanseasmhachta agus féinsmachta atá riachtanach chun é/í féin a chur in iúl.

Tugann oideachas ceoil eolas agus tuiscint don pháiste ar a (h)imshaol cultúrtha uathúil. Ceann de na tradisiúin bheo is láidre dá bhfuil againn is ea an ceol Gaelach agus léiríonn sé eispéireas agus uaillmhianta na nglún de cheoltóirí. I measc na n-aidhmeanna a thagann i gceist sa cheol Gaelach tá sásamh éisteachta, riachtanas an ceol a mheabhrú, agus dúil fuinneamh an damhsa a cheiliúradh agus a shaibhriú. I ngníomhaíochtaí ceoil do pháistí, bídís sin ag obair go haonánach nó i ngrúpaí, tá na cuspóirí seo uile intuigthe. Trí chúlra saibhir thraidisiúin a gceoil dhúchasaigh féin, chomh maith le cineálacha eile ceoil, a léiriú do pháistí cuireann oideachas ceoil lena n-eolas agus lena dtuiscint ar dhaoine eile, ar an am ar mhair siad, ar a gcultúir agus ar a dtradisiúin.

## An curaclam ceoil

Tá trí shnáithe sa churaclam ceoil:

- *Éisteacht agus freagairt*
- *Léiriú*
- *Cumadóireacht.*

### *Éisteacht agus freagairt*

Leagann an snáithe seo treise ar an tábhacht atá le héisteacht ghníomhach a bhfuil cuspóir léi chun go spreagfaí freagairt fhisiceach, bhriathartha, mhothaitheach agus chognaíoch. De réir a chéile, cuireann sé le heispéireas an pháiste sna ranganna roimhe sin trí dheiseanna a thabhairt dó/di éisteacht le raon de phíosaí ceoil, idir cheol coitianta agus cheol neamhchoitianta, trí aire a dhíriú ar raon forásach d'fhoinsí agus trí dhúshlán a thabhairt don pháiste freagairt do cheol go samhlaíoch agus le breis cruinnis agus íogaireachta.

### *Léiriú*

I ngeall ar an bhfíorthaitneamh a ghabhann le léiriú a dhéanamh leis an nguth agus, chomh maith, i ngeall ar a thairbhe mar mheán trínar féidir scileanna ceoil a fhorbairt, luíonn an snáithe seo ar a thábhachtaí is atá úsáid an ghutha, an chéad uirlis cheoil a bhíonn ag páiste agus an ceann is gaire dó/di. Gné dhílis de luathfhorbairt cheol an pháiste is ea amhránaíocht. I dtús báire foghlaimíonn páistí conas amhráin shimplí a léiriú trí éisteacht le daoine eile agus aithris a dhéanamh orthu. Chomh maith, baineann páistí óga taitneamh as a gcantaireachtaí agus a bhfoinn féin a thobchumadh ar uirlisí a dhéantar sa bhaile, ar bhréagáin cheoil nó ar rudaí coitianta ar a dtagann siad agus ar foinsí fuaime iad. Is eispéireas fiúntach ceoil iad na píosaí luathchumadóireachta seo agus

cabhraíonn siad leis an bpáiste chun teacht ar thuiscint do léiriú sa cheol. De réir mar a thagann forás ar fhéinmhuinín an pháiste ba chóir a stór píosaí a leathnú chun go mbeadh idir amhráin agus fhoinn le raon níos leithne nótaí iontu, amhráin Ghaelacha agus amhráin ó chultúir, stíleanna agus traidisiúin difriúla ann. De réir mar a thagann forbairt ar a neamhspleáchas agus ar a (h)inniúlacht bainfidh an páiste taitneamh chomh maith as bheith bainteach le páirtobair shimplí, ag dul ó 'ostinato' (patrún athráite) simplí nó dordán a léiriú go dtí an dara páirt (páirt níos airde nó níos ísle) a chur leis nuair a bhíonn sé/sí ag druidim le deireadh rang 6.

I dtús na litearthachta bíonn dlúthcheangal idir forbairt litearthachta sa cheol agus an clár amhránaíochta agus leathnaítear uirthi trí uirlisí séiseacha simplí a sheinm. Sa churaclam ceoil, déantar litearthacht a iniúchadh tríd an dá phríomh-chomhpháirt atá inti, rithim agus tuinairde. Is ceart gur mar fhreagra ar riachtanas le heispéiris áirithe ceoil—rithimphatrúin, séis nó amhrán iomlán a chlárú nó a thabhairt chun cuimhne—a dhéanfaí freastal ar theagasc na litearthachta in ionad í a áireamh mar bhailiúchán ar leithlis de scileanna.

Sa snáithaonad 'Seinm uirlisí' cuirtear deiseanna ar fáil chun féinmhuinín agus tuiscint fhorásach ar dhéanamh ceoil a léiriú trí úsáid a bhaint as foinsí eile ceoil. I dtosach seinneann an páiste ar chnaguirlisí tiúnta agus neamhthiúnta agus níos déanaí faigheann sé/sí taithí ar uirlisí séiseacha (mar shampla an fheadóg stáin nó an fhliúit Shasanach). Spreagtar an páiste chun léirithe ó chuimhne agus ó nodaireacht shimplí araon.

### *Cumadóireacht*

Féachann an snáithe seo le cruthaitheacht agus uathúlacht an pháiste a fhorbairt, ar an gcéad dul síos trí bhealach a sholáthar dó/di chun é/í féin a chur in iúl. Sa snáithaonad 'Tobchumadh agus cruthú' roghnaíonn an páiste ábhar ón raon d'fhoinsí fuaime a bhíonn ar fáil agus cuireann sé/sí in ord é. Chuige sin ní mór dó/di éisteacht agus an fhoinse is fearr a oireann dá c(h)uspóir agus is fearr a léiríonn inne an ruda a theastaíonn uaidh/uaithi a chur in iúl nó a léiriú a roghnú. I ndeireadh na dála, sa snáithaonad 'Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh' tugtar deiseanna don pháiste meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas cumadóireachta agus a c(h)uid saothair a thaifeadadh.

## Gnéithe an cheoil

Laistigh de gach snáithaonad moltar gníomhaíochtaí ceoil a chuireann ar chumas an pháiste feasacht a fhorbairt ar ghnéithe comhghaolmhara an cheoil (buille, ré, luas, tuinairde, dinimic, comhdhéanamh, tondath, uigeacht agus stíl), bheith íogaireach dóibh sin agus a t(h)uiscint ar cheol a fhorbairt. Níor chóir a bheith ag súil go gcuirfeadh páistí óga eolas ar na gnéithe seo in iúl trí chaint; ina áit sin ba chóir iad a threorú chun a dtuiscint orthu a léiriú trí amhránaíocht agus i ngluaiseacht. De réir mar a théann páistí in aois agus mar a fhorbraíonn siad tiocfaidh siad ar thuiscint níos comhfhiosaí do choincheapa an cheoil; ag an bpointe sin d'fhéadfadh an múinteoir teagasc foirmiúil na dtéarmaí a thionscnamh.

## Ceoldéanamh gníomhach

Tá páirt ghníomhach a ghlacadh i gcluichí ceoil agus in eispéiris thaitneamhacha eile ceoil bunúsach má tá an páiste chun eolas, tuiscint agus scil sa cheol a shealbhú. Leagann an curaclam béim ar fhreagairt agus ar cheoldéanamh gníomhach ag gach leibhéal. Sa chaoi sin sealbhaíonn an páiste tuiscint ar a mbíonn i gceist le bheith ina (h)éisteoir, ina (h)oirfideach agus ina c(h)umadóir i saol an cheoil—tuiscint a bhíonn bunaithe ar a t(h)aithí féin.

## Ord, leithead agus doimhneacht

Rianaítear ábhar curaclaim do gach ceann de na ceithre leibhéal, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaí gach snáithaonad agus fo-aonad a iniúchadh gach bliain chun éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas a dheimhniú sa chlár. Cuireann na snáitheanna agus na snáithaonaid clár atá cuimsitheach agus leagtha amach in ord ar fáil do mhúinteoirí—clár ar ar féidir teagasc agus foghlaim an cheoil sa seomra ranga a bhunú. Ceann de na prionsabail teagaisc sa churaclam ná go dtagann an fhuaim roimh an chomhartha. Prionsabail eile a dtógtar ceann díobh ná gur fearr a shealbháitear eolas sa cheol trí dhul ón rud is eol don pháiste (m.sh. fonn agus focail amhráin a bheadh ar eolas) go dtí an rud nach eol dó/di (m.sh. rithim phatrúin ar leith laistigh den amhrán a aithint agus a ainmniú), dul ón rud simplí go dtí an rud casta, agus ón eispéireas féin (m.sh. bualadh bos go rithimeach) go tuiscint chomhfhiosach ar an eispéireas (m.sh. an buille a thuiscint). Ar an gcuma seo is féidir go mbeadh foinn shimplí a foghlaimíodh trí aithris sna céimeanna tosaigh agus idir dhá nóta agus cúig nóta iontu (peinteatonach), úsáideach nuair a bheadh rithimeacha agus séiseacha á n-iniúchadh i ranganna níos sinsearaí.

## Roghnú ábhair

Laistigh de na snáithaonaid agus de na fo-aonaid tugtar samplaí agus moltaí i gcló iodálach de chur chuige a d'fhéadfaí a úsáid. Is féidir le múinteoirí roghnú a dhéanamh astu siúd agus as moltaí cosúil leo as foinsí eile chun plean gníomhaíochtaí a leagan amach in *Éisteacht agus freagairt*, *Léiriú* agus *Cumadóireacht*—plean a dhéanfadh freastal ar riachtanais na bpáistí agus, ag an am céanna, a dheimhneodh cothromaíocht chuí idir ceol na hÉireann agus ceol ó chultúir, stíleanna agus tréimhsí eile.

Braithfidh an t-ábhar a roghnófar ar eispéiris na bpáistí go dtí seo sa cheol agus ar a riachtanais. Uaireanta d'fhéadfadh gurbh fhearr a dhéanfaí freastal ar na páistí trí ligean dóibh tabhairt faoin ábhar a mholtar d'aoisghrúpa níos sóisearaí seachas faoin ábhar a mholtar dá n-aoisghrúpa féin. Beidh difríochtaí sa luas lena ngluaisfidh na páistí trí na céimeanna tosaigh seo, ach cé go mbeadh páistí níos sine ábalta an teoiric a thuiscint níos fusa, tá sé tábhachtach cloí le hord oiriúnach forbartha. Tá sé seo fíor-riachtanach i réimse na litearthachta, áit a bhfuil aistriú na 'slata' agus na 'bponcanna' ar línte agus i spásanna ina rithimeacha agus ina séiseanna ceoil chomh tábhachtach le tuiscint teoiriciúil.

## Clár ceoil na scoile

Cuimseoidh an plean scoile nádúr agus fairsinge an cheoil sa scoil, ag tabhairt aitheantais don timpeallacht shóisialta agus chultúrtha, do riachtanais éagsúla na bpáistí agus do na hacmhainní atá ar fáil. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an curaclam ceoil gaolmhar go dlúth le réimsí eile na n-ealaíon agus comhtháite le hábhair eile churaclaim, is iad na múinteoirí ranga na daoine is oiriúnaí chun an clár ceoil a mhúineadh. Glacfar leis sa phlean scoile go bhfuil iliomad gníomhaíochtaí sa churaclam ceoil ar féidir iad a eagrú go rathúil gan aon ghá le scileanna saineolacha ach ag an am céanna fáilteofar roimh aon tacaíocht bhreise oiriúnach a bheadh ar fáil ó chomhghleacaithe, ó thuismitheoirí, ó ghrúpaí áitiúla ceoil agus roimh acmhainní closamhairc.

## Measúnú

Is cuid lárnach de theagasc agus d'fhoghlaim an cheoil é measúnú, amhail mar is fíor sna hábhair eile churaclaim. Sa rannóg ar mheasúnú rianaítear mar is féidir cur le heispéireas foghlama an pháiste agus eolas úsáideach a sholáthar do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine nach iad trí raon de theicníochtaí measúnaithe a úsáid.

## Comhtháthú

Ceann de phrionsabail thábhachtacha an churaclaim is ea an comhtháthú. Modh teagaisc éifeachtach é na páistí a bheith gafa i ngníomhaíochtaí a chuimsíonn cuspóirí as snáitheanna éagsúla nó as réimsí difriúla an churaclaim. Is féidir go mbeadh an-spreagadh do pháistí i dtéamaí comhtháite agus go mbainfidís sin an-sásamh astu. Bíonn na téamaí seo an-úsáideach i suíomh ilrangach ach go háirithe. Sa churaclam ceoil tugtar nascadh ar naisc laistigh den churaclam ceoil féin agus tugtar comhtháthú ar naisc idir an ceol agus ábhair léinn eile.

## Teanga

Tá teanga ina comhchuid chomh forleitheadach sin sa phróiseas teagaisc agus foghlama ceoil nach dtugtar eiseamláirí ar leith sa churaclam ceoil den dóigh a bhféadfaí na cuspóirí éagsúla ábhair a chomhtháthú le teanga. Baineann an múinteoir leas as teanga, pé acu Gaeilge, Béarla nó nuatheanga eile (nuair is cuí sin) a bhíonn i gceist, chun eolas a chur i láthair, chun ceisteanna a chur, chun treoir a thabhairt, chun rud a léiriú, chun rud a mhíniú agus chun an páiste a spreagadh chun machnaimh. Is i bplé an cheoil agus sa fhreagairt dó a dhéanann an páiste a chuid idéanna a shoiléiriú agus é/í ag cur síos ar rudaí, ag nochtadh tuairimí, ag tairiscint míniúchán agus ag cur a chuid smaointe, mothúchán agus idéanna in iúl trí mheán cainte nó i leagan scríofa. Bíonn tábhacht le teanga chomh maith sa mhéid go gcabhraíonn sí leis an bpáiste chun eolas faoi cheol a rochtain agus a aisghabháil. Déantar teanga a fhorbairt trí mheán an cheoil agus, ar a sheal, is féidir eolas ar cheol a fhorbairt trí mheán teanga. Ba cheart mar sin go gcuirfí a mhéid is atá teanga ina cuid dhílis den phróiseas teagaisc agus foghlama san áireamh i gcónaí agus an curaclam ceoil á phleanáil agus á chur i bhfeidhm.

## Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Is féidir tuiscint agus taithí an pháiste ar cheol a leathnú agus a shaibhriú ar bhealaí éagsúla trí leas a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC). Cuireann an curaclam ceoil deiseanna ollmhóra ar fáil chun coincheapa agus scileanna ceoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí leas a bhaint as TEC. Sa chaoi chéanna, is féidir go gcuireann go leor de na cláir a spreagann éisteacht ghníomhach, seinm ceoil agus cumadóireacht ina bhfuil brí, go gcuireann siad leis na gaolta idir na snáitheanna *Éisteacht agus freagairt, Léiriú* agus *Cumadóireacht*.

Tugann an teicneolaíocht ilmheán tacaíocht ard-teicneolaíoch do raon d'fhoinsí grafacha, téacsacha agus fuaime ar féidir leo cur go mór le tuiscint ar cheol. Trí leas a bhaint as dlúthdhioscaí nó as an idirlíon is féidir deiseanna a bheith ag páiste uirlisí ceoil éagsúla a fheiceáil agus a chloisteáil, go háirithe na huirlisí sin nach mbíonn teacht orthu go réidh ina t(h)impeallacht féin, uirlisí ceolfhoirne nó uirlisí traidisiúnta tíortha eile, mar shampla. Is féidir le páistí an gliondar a mhothú a ghabhann le hiniúchadh fuaime trí mheáin leictreonacha, le sealbhú scileanna agus coincheap de réir a ráta foghlama féin, agus a ghabhann freisin le taifeadadh a bpíosaí tobchumtha agus cumadóireachta féin, agus le hathbhreithniú a gcuid oibre go haonánach nó i gcomhar le páistí eile.

Trí láithreáin ghréasáin a úsáid tig le scoileanna, le ranganna agus le páistí aonair tuairiscí scríofa, amharcthuairiscí agus clostuairiscí ar a dtraidisiúin, ar a léirithe, ar a bpíosaí cumadóireachta agus ar a roghanna ceoil a roinnt ar a chéile. Is féidir léirithe beo a thraschur agus a ghlacadh ar bhonn comhair ó lucht éisteachta go lucht éisteachta agus sa chaoi sin is éasca éisteacht fócasaithe ar an toirt agus freagairt ghníomhach, a mbíonn cuspóir léi, a spreagadh. Is mó téama agus topaic a mbeadh ábharthacht áitiúil, réigiúnach nó domhanda ag baint leo a d'fhéadfaí a ullmhú agus a chur i láthair trí mheáin leictreonacha éagsúla agus a d'fhéadfaí a sheoladh chuig lucht éisteachta ar fud na hÉireann, ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

## Gluais

Mínítear téarmaí a úsáidtear sa churaclam agus a d'fhéadfadh bheith neamhchoitianta sa ghluais ar leathanaigh 94-96.

## Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim ceoil

- a chur ar chumas an pháiste taitneamh a bhaint as ceol, é a thuiscint agus léirmheas criticiúil a dhéanamh air
- oscailteacht, feasacht agus freagairt do raon leathan de chineálacha ceoil, ceol na hÉireann san áireamh, a fhorbairt sa pháiste
- cumas an pháiste ar idéanna, mhothúcháin agus eispéiris a chur in iúl trí cheol mar dhuine aonánach agus i gcomhair le daoine eile a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste an acmhainn ceoil atá ann/innti a fhorbairt agus taithí a fháil ar an scleondar agus sásamh a bhaineann le bheith páirteach go gníomhach i gcruthú ceoil
- féinmheas agus féinmhuinín an pháiste a chothú trí bheith rannpháirteach i léiriú ceoil
- machnamh ar ardleibhéal agus foghlaim feadh saoil a chothú trí eolas, scileanna, coincheapa agus buanna ceoil a shealbhú
- cur le cáilíocht saoil an pháiste trí eispéireas aeistéitiúil ceoil.

## Cuspóirí leathana

Agus a c(h)umais dhúchasacha agus tosca athraitheacha a chur san áireamh go cuí, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam ceoil ar chumas an pháiste

- acmhainní lánléiritheacha foinsí éagsúla fuaime a iniúchadh: an guth, uirlisí a rinneadh sa bhaile agus uirlisí saothraithe san áireamh
- éisteacht le raon leathan de cheol beo agus de cheol taifeadta ina léireofaí cineálacha agus stíleanna ceoil ó thréimhsí, ó chultúir agus ó ghrúpaí eitneacha difriúla, taitneamh a bhaint as an gceol sin agus freagairt dó
- íogaireacht do cheol a fhorbairt trí fhreagairt dó go fisiceach, leis an nguth, go mothaitheach nó go cognaíoch
- difríochtaí idir fuaimeanna agus tostanna a léiriú agus cur síos orthu, ag taispeáint tuiscint do bhuille, do luas, do ré, do thuinairde, do dhinimic, do chomhdhéanamh, do thondath, d'uigeacht agus do stíl
- ceol oiriúnach dá leibhéal ranga agus roghnaithe as raon de stíleanna agus de thradisiúin cheoil, le béim ar cheol na hÉireann, a léiriú leis an nguth agus le huirlisí
- na scileanna a chuireann le tuiscint do cheol agus atá riachtanach chun é/í féin a chur in iúl go cruthaitheach a shealbhú
- aithris chruinn a dhéanamh ar phatrúin rithimeacha shéiseacha agus feidhm á baint as an nguth, as gothaí (lámhchomharthaí), as cnagadh coirp agus as uirlisí saothraithe agus uirlisí a rinneadh sa bhaile
- frásaí agus píosaí ceoil a thabhairt chun cuimhne agus a léiriú le cnaguirlisí agus uirlisí séiseacha tiúnta agus neamhthiúnta agus sin a dhéanamh ó mheabhair nó ó nodaireacht, de réir mar a d'oirfeadh
- féinmhuinín agus neamhspleáchas a fhorbairt trí thionscnamh, trí chinnteoireacht, trí ghlacadh le freagracht as foghlaim go haonánach agus mar bhall de ghrúpa, agus trí ghníomhaíochtaí cumadóireachta a chleachtadh
- fuaimeanna a roghnú agus a struchtúrú chun a c(h)uid idéanna ceoil féin a chruthú
- patrúin rithimeacha agus séiseacha a thobchumadh mar fhreagairt do cheol, do ghluaiseacht, d'idéanna, do dhánta, do scéalta agus do shaothair ealaíne

- oiriúnacht agus éifeacht píosa ceoil a chum nó a thobchum sé/sí féin a phlé
- raon nodaireachta grafaí agus nodaireachta caighdeánaí a chumadh agus a úsáid
- píosaí a chum sé/sí féin a thaifeadadh le meáin leictreonacha.

# Ranganna naíonán

# Foramharc



*Forbairt coincheap*

| | |
|---|---|
| Coincheapa ceoil | • Tuiscint do bhuille (buille cothrom)<br>• Tuiscint do ré (fada/gearr, patrúin, rithim)<br>• Tuiscint do luas (tapa/mall)<br>• Tuiscint do thuinairde (ard/íseal)<br>• Tuiscint do dhinimic (glórach/bog)<br>• Tuiscint do chomhdhéanamh (cosúil/éagsúil)<br>• Tuiscint do thondath (fuaim shainiúil)<br>• Tuiscint d'uigeacht (fuaim amháin/fuaimeanna le chéile)<br>• Tuiscint do stíl |

*Tá na coincheapa ceoil thuas bunaithe ar na gnéithe ceoil agus déanfar forbairt orthu de réir mar a chríochnófar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid churaclaim a léirítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Éisteacht agus freagairt | • Iniúchadh fuaimeanna<br>• Éisteacht le ceol agus freagairt dó |
| Léiriú | • Amhránaíocht<br>• Tús na litearthachta<br>• Seinm uirlisí |
| Cumadóireacht | • Tobchumadh agus cruthú<br>• Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh |

# Pleanáil



## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an chláir cheoil do ranganna naíonán á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt coincheap' a dhéanann cur síos ar na coincheapa ceoil ar chóir don pháiste iad a fhorbairt de réir mar a bhíonn sé/sí ag plé le gníomhaíochtaí ceoil
- trí *shnáithe,* a leagann amach ábhar an churaclaim. Ba chóir a thuiscint go bhfuil dlúthcheangal idir na snáitheanna sa mhéid go mbraitheann tuiscint ar cheann acu ar thuiscint ar cheann eile, go gcuireann siad le tuiscint ar a chéile agus go bhféadfadh gnéithe díobh go léir teacht i gceist laistigh den cheacht céanna. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí sa chló iodálach ar fud na ranna ábhair.

## Na snáitheanna i ranganna naíonán

Sa snáithe *Éisteacht agus freagairt* éisteann an páiste le raon d'fhuaimeanna éagsúla sa gharthimpeallacht. D'fhéadfadh scóip na bhfuaimeanna seo síneadh ó fhuaimeanna meicniúla go guthanna agus uirlisí ceoil ranga agus, níos déanaí, go sleachta gearra de cheol taifeadta (sleachta nach mbeadh níos faide ná tríocha soicind ar fhad i dtús báire). Leagtar an bhéim ar éisteacht ghníomhach seachas éisteacht éighníomhach; dá thoradh sin spreagtar an páiste chun gluaiseachta, chun cainte faoin bhfuaim, chun cur síos nó aithris a dhéanamh uirthi, nó chun í a léiriú.

Bainfidh an páiste taitneamh as na cluichí simplí amhránaíochta agus gníomhaíochta atá le fáil sa snáithe *Léiriú.* Beidh gá le cuid de na cluichí a athdhéanamh go minic sula mbeidh ar chumas an pháiste iad a léiriú go muiníneach agus gan chabhair an mhúinteora. Cuirtear go leor scileanna ceoil i láthair, mar shampla fonn simplí a choinneáil ar an tuinairde cheart, agus faightear máistreacht ar na scileanna seo trí úsáid an ghutha, an chéad uirlis agus an ceann is gaire don pháiste; ullmhaítear don cheol-léamh trí rithimí simplí fonn coitianta a léiriú i bpictiúir nó le siombailí. Ar an dóigh céanna, trí chnaguirlisí simplí a sheinm faigheann an páiste taithí ar fhoinse eile déanta ceoil ina léirítear scileanna mar bhuille cothrom a choinneáil agus ina ndéantar muinín a chothú.

Sa snáithe *Cumadóireacht* tugtar deis don pháiste uirlisí, uirlisí a rinneadh sa bhaile san áireamh, a thástáil agus súgradh leo, laistigh de theorainneacha a shocraíonn an múinteoir. I seomra ranga ina leagtar béim ar fhíneáltacht fuaime agus ina léirítear meas uirthi i gcluichí éisteachta agus amhránaíochta cothaítear spéis ghníomhach go nádúrtha san acmhainn atá in uirlisí ceoil. D'fhéadfaí uirlisí áirithe a roghnú chun fuaimeanna nó maisíochtaí fuaime ar leith a léiriú. D'fhéadfadh na páistí na huirlisí seo agus na fuaimeanna a dhéanann siad a phlé agus a mheabhrú trí phictiúir nó trí shiombailí simplí, nó trí théipthaifeadán a úsáid.

## Ord, leithead agus doimhneacht

I roghnú ábhair moltar go múinfí gach snáithe agus gach snáithaonad gach bliain chun éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas sa chlár a dheimhniú. I gcoitinne ba chóir na cuspóirí ábhair sna snáithaonaid a iniúchadh san ord ina gcuirtear i láthair iad. I scéim oibre do théarma amháin ba chóir go gcuirfí an comhghaol atá idir na snáitheanna san áireamh; d'fhéadfaí doimhneacht na hoibre sna snáitheanna ar leith a choigeartú ó théarma go téarma nó ó bhliain go bliain.

## Nascadh agus comhtháthú

I nótaí ag bun na snáithaonad sna ranna a bhaineann le hábhar, dírítear aire ar roinnt ócáidí inar féidir *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam ceoil) agus *comhtháthú* (.i. comhcheangal traschuraclaim) a dhéanamh.

# Forbairt coincheap do ranganna naíonán

## Coincheapa ceoil

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim cheoil a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Tuiscint do bhuille

- cuisle nó buille cothrom a léiriú (m.sh. máirseáil, cnagadh, bualadh bos)

### Tuiscint do ré

- éisteacht le patrúin d'fhuaimeanna fada agus gearra agus aithris a dhéanamh orthu

### Tuiscint do luas

- an difríocht idir patrúin rithimeacha agus séiseacha tapa agus patrúin rithimeacha agus séiseacha malla a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu

### Tuiscint do thuinairde

- fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus iad a idirdhealú
- aithris a dhéanamh ar shéiseanna

### Tuiscint do dhinimic

- fuaimeanna glóracha agus fuaimeanna boga a thuiscint agus iad a idirdhealú

### Tuiscint do chomhdhéanamh

- 'tosaigh' agus 'stop' a thuiscint

### Tuiscint do thondath

- súgradh le raon d'ábhair a dhéanann fuaim agus iad a iniúchadh
- fuaimeanna a rangú de réir na dóighe ina dtáirgítear iad

### Tuiscint d'uigeacht

- éisteacht le fuaimeanna ó fhoinse amháin nó ó níos mó ná foinse amháin agus freagairt dóibh

### Tuiscint do stíl

- éisteacht le ceol i stíleanna éagsúla agus freagairt dó.

# Snáithe: Éisteacht agus freagairt

Snáithaonad

## Iniúchadh fuaimeanna

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Fuaimeanna sa timpeallacht

- éisteacht le fuaimeanna coitianta ó fhoinsí éagsúla sa gharthimpeallacht, iad a aithint agus aithris a dhéanamh orthu

  *báisteach ag titim, adharca gluaisteáin ag séideadh, madraí ag tafann, leanaí ag caoineadh, ciúnas*

- cur síos a dhéanamh ar fhuaimeanna agus iad a rangú i bhfinte fuaime

  *innil, aimsir, ainmhithe, daoine*

### Fuaimeanna gutha

- an difríocht idir an guth labhartha agus an guth canta a aithint agus na guthanna seo a úsáid ar bhealaí éagsúla

  *cogarnach, labhairt, béicíl*

  *ag rá áááá, ag canadh ááá, óóó*

- guthanna difriúla a aithint

  *guthanna páiste agus guthanna duine fhásta a idirdhealú*

  *guthanna in imshaol na scoile*

  *fógraí ar an raidió*

- fuaimfhocail agus fuaimfhrásaí a úsáid chun cur síos agus aithris a dhéanamh ar fhuaimeanna roghnaithe

  *vrúm! vrúm! (inneall)*

  *trup trup (capall)*

### Cnagadh coirp

- bealaí éagsúla a aimsiú chun fuaimeanna a dhéanamh trí chnagadh coirp

  *cnagadh, bualadh bos, greadadh cos*

### Uirlisí

- bealaí a iniúchadh chun fuaimeanna a dhéanamh ag úsáid uirlisí saothraithe agus uirlisí a rinneadh sa bhaile

  *uirlisí saothraithe*

  *triantán, tambóirín, druma, barraí clingíní, xileafón*

  *uirlisí a rinneadh sa bhaile*

  *croitheadóirí, rudaí adhmaid nó miotail*

- triail a bhaint as raon de theicníochtaí éagsúla a úsáid le huirlisí saothraithe agus le huirlisí a rinneadh sa bhaile

  *bealaí éagsúla chun fuaimeanna a dhéanamh le druma: ag baint úsáid as buailteoirí éagsúla; ag bualadh go glórach, go bog; ag seinm ar choda éagsúla den druma (m.sh. imeall, lár, cliathán).*

## Snáithaonad — Éisteacht le ceol agus freagairt dó

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- éisteacht le raon de phíosaí gearra ceoil nó le sleachta ceoil

    *sleachta de cheol clasaiceach*

    *'Damhsa Shióg na Milseán' as 'Sraith an Chnóire' le Tchaikovsky*

    *'Sleigh Ride' le Leroy Anderson*

    *sleachta as 'Carnabhal na nAinmhithe' le Saint-Saëns*

    *taifeadtaí de rainn agus d'amhráin do pháistí le hoirfidigh éagsúla*

    *Pádraigín Ní Uallacháin, Eric Nagler, Danny Kaye*

    *ceol na hÉireann*

    *'Trup, Trup a Chapaillín; 'A Stór 's a Stóirín'*

    *'Each Little Thing', taifeadadh le Sharon Shannon*

    *ceol pobail*

    *'Yellow Submarine' le Lennon agus McCartney*

    *'Popcorn' le Gershon Kingsley*

- freagairt go samhlaíoch do phíosaí gearra ceoil trí ghluaiseacht

    *bualadh bos, scipeáil, máirséail, croitheadh*

    *'Hello, Dolly' á léiriú ag Louis Armstrong*

    *'Golliwog's Cakewalk' as 'Sraith Chúinne na bPáistí' le Claude Debussy*

- labhairt faoi phíosaí ceoil, tosaíochtaí a lua agus freagraí a léiriú ar bhealaí éagsúla

    *tá an ceol seo preabach, scanrúil, greannmhar*

    *cuireann sé áthas, eagla, fonn léime orm*

    *líníocht, péintéireacht*

- an buille cothrom a thaispeáint agus é/í ag éisteacht le píosaí éagsúla de cheol beo nó de cheol taifeadta

    *máirseáil, greadadh bos, ag cnagadh an bhuille*

    *'Portsmouth' le Mike Oldfield*

- an difríocht idir luas tapa agus luas mall a aithint agus a léiriú

    *rith, siúl, scipeáil*

    *ag aithris rainn go tapa, go mall*

    *ag freagairt do cheol taifeadta tapa nó mall*

    *ceol tapa: 'Eitilt na Bumbóige' le Rimsky-Korsakov*

    *ceol mall: 'Maidin' as 'Sraith Peer Gynt ' le Grieg*

- an difríocht idir fuaimeanna glóracha agus fuaimeanna boga a aithint agus a thaispeáint

    *an doras a phlabadh, an doras a dhúnadh go réidh*

    *guthanna glóracha, guthanna boga*

    *rialaitheoir fuaime ar théipthaifeadán a choigeartú*

    *ceol taifeadta, glórach nó bog*

    *glórach agus bog:*
    *Máirseáil 'Pomp and Circumstance' Uimhir 1 le Elgar*
    *'Amhrán Báid an Eilein Sgitheanaich', amhrán traidisiúnta Albanach*

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a aithint agus a thaispeáint

    *fuaimeanna gutha, amhráin*

    *na nótaí ag an dá fhoirceann de mhéarchlár*

- éisteacht le patrúin d'fhuaimeanna fada agus d'fhuaimeanna gearra agus freagairt dóibh

    *greadadh bos mar mhacalla, cnagadh patrún rithimeacha.*

*Nascadh*

Cumadóireacht—Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht; Dath; Gnéithe na healaíne—Feasacht ar líne, patrún, cruth

Corpoideachas: Damhsa—Damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Fuaim

# Snáithe: Léiriú

Snáithaonad

## Amhránaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- amhráin agus séiseanna aithnidiúla ó fhoinsí eile a aithint agus a chanadh

  *rainn agus amhráin do pháistí*

  *rainn Ghaeilge*

  *gníomhamhráin*

  *cluichí agus amhráin chlóis nó sráide*

  *foinn phobail ón teilifís agus ón raidió*

- séiseanna gearra a aithint agus aithris a dhéanamh orthu mar mhacalla, tuiscint do thuinairde a fhorbairt

  *foinn shimplí dhá-nóta nó trínóta agus cluichí amhránaíochta, a foghlaimíodh trí aithris, gan bheith feasach ar na hainmneacha sólfá*

  *'Suas, Síos', 'Cherry Pie' (s, m)*

  *'Suí, Sá, Marjorie Daw', 'Ring-a-Ring-a-Rosaí' (1, s, m)*

  *'Little Sally Saucer' (1, s , m)*

- an buille cothrom a thaispeáint agus é/í ag éisteacht le hamhráin nó le cantaireachtaí rithimeacha nó á dtionlacan

  *ag máirseáil, ag greadadh bos, ag cnagadh an bhuille*

- a thaispeáint, agus é/í ag canadh, cé acu an bhfuil fuaimeanna ag gluaiseacht ó ard go híseal nó ó íseal go hard

  *cromadh d'fhuaim íseal, síneadh suas d'fhuaim ard*

  *léiriú le luailí géag*

- amhráin agus rainn a léiriú le tuiscint do rialú dinimice (glórach/bog) nuair a oireann sé

  *amhránaíocht bhog shéimh do shuantraí*

  *amhránaíocht ghlórach fhuinniúil d'fhonn máirseála nó do ghníomhamhrán.*

## Snáithaonad Tús na litearthachta


*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- fuaimeanna roghnaithe a chur leis na pictiúir a fhreagraíonn dóibh

  *déanann an múinteoir dordán ar 'Tá Leoraí Mór ag Teacht' nó 'Buail do Bhosa' agus roghnaíonn an páiste pictiúr de leoraí nó de lámha mar an tsiombail a fhreagraíonn dó*

- patrúin shimplí rithime a aithint ó shiombailí pictiúrtha agus iad a léiriú

  *buaileann an múinteoir patrún simplí rithime as bailiúchán de phatrúin atá ar eolas ag na páistí agus atá comhdhéanta de 'leon' (buille singil) agus 'coileáin' (dhá leathbhuille); déanann na páistí aithris ar an rithim.*




## Snáithaonad Seinm uirlisí

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cnaguirlisí simplí a sheinm

  *agus greim aige/aici ar thriantán crochta, é a bhualadh le bata*

  *tambóirín a chroitheadh*

  *druma a bhualadh*

  *seinm go haonarach nó i mbeirteanna ar shealaíocht*

- uirlisí simplí a rinneadh sa bhaile agus uirlisí saothraithe simplí a úsáid mar thionlacan d'amhráin, do rainn pháistí nó do chantaireachtaí rithimeacha

  *agus iad ag canadh foinn (m.sh. 'Ceithre rón thuas ar an gcloch, léim rón amháin isteach sa loch') d'fhéadfadh na páistí druma a bhualadh don fhocal 'gcloch' agus nóta a sheinm ar uirlis shéiseach ar an bhfocal 'loch'.*

# Snáithe: Cumadóireacht

Snáithaonad

## Tobchumadh agus cruthú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- agus é/í ag obair ina (h)aonar nó mar bhall de ghrúpa, fuaimeanna a roghnú ó fhoinsí éagsúla chun idéanna simplí fuaime a chruthú

  *fuaimeanna gutha, cnagadh coirp, uirlisí saothraithe, uirlisí a rinneadh sa bhaile*

  *béar, frog, sióg a léiriú*

  *maisíochtaí fuaime a úsáid mar thionlacan do chluichí, scéalta, dánta*

- píosaí gearra simplí ceoil a chumadh agus a léiriú le smacht áirithe ar gnéithe an cheoil

  *tapa/mall (luas), glórach/bog (dinimic),*

  *fada/gearr (rithim), fios a bheith aige/aici*

  *cathain is ceart tosú/stopadh (comhdhéanamh)*

  *fuaimeanna boga malla ar an druma*

  *'Tá capall is cairt ag Seán Ó hAirt …'*

  *capall (leatha cnó cócó)—fuaimeanna tapa gearra*

  *uain (fuaimeanna gutha)—bog*

  *bó (ceolán bó)—fuaimeanna fada*

- freagraí nua a thobchumadh do phatrúin shéiseacha a thugtar

  *comhráite canta*

  *'Conas atá tú?'—'Táim go maith!'*

  *'Cad is ainm duit?'—'Pád-raig'*

  *véarsaí nua d'amhráin agus rainn choitianta*

  *'Luascadar, luascadar, luch, rith (an cat) suas i gclog'*

  *'Buail do (ghlúine)'.*

Snáithaonad

## Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a c(h)uid oibre féin agus obair pháistí eile a phlé


  *conas a roghnaíodh na huirlisí*

  *conas a rinneadh na fuaimeanna*


  *conas a thaitin sé leis/léi iad a dhéanamh*

  *an rud ab fhearr leis/léi*

- siombailí grafacha a chumadh d'fhuaimeanna singil agus do mhaisíochtaí fuaime



*ceol sí*



*fuaimeanna lachan*

- píosaí cumadóireachta a thaifeadadh ar mheáin leictreonacha

  *fearas scoile nó téipthaifeadán simplí páiste a úsáid.*

*Nascadh*

Éisteacht agus freagairt—Ag iniúchadh fuaimeanna

Léiriú—Ag seinm uirlisí

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht

# Ranganna 1 agus 2

# Foramharc

ranganna 1 agus 2

*Forbairt coincheap*

## Coincheapa ceoil

- Tuiscint do bhuille
- Tuiscint do ré
- Tuiscint do luas
- Tuiscint do thuinairde
- Tuiscint do dhinimic
- Tuiscint do chomhdhéanamh
- Tuiscint do thondath
- Tuiscint d'uigeacht
- Tuiscint do stíl

*Tá na coincheapa ceoil thuas bunaithe ar na gnéithe ceoil agus déanfar forbairt orthu de réir mar a chríochnófar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid churaclaim a léirítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Éisteacht agus freagairt | • Iniúchadh fuaimeanna<br>• Éisteacht le ceol agus freagairt dó |
| Léiriú | • Amhránaíocht<br>• Litearthacht<br>• Seinm uirlisí |
| Cumadóireacht | • Tobchumadh agus cruthú<br>• Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh |

# Pleanáil

## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an chláir cheoil do ranganna 1 agus 2 á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt coincheap' a dhéanann cur síos ar na coincheapa ceoil ar chóir don pháiste iad a fhorbairt de réir mar a bhíonn sé/sí ag plé le gníomhaíochtaí ceoil
- trí *shnáithe,* a leagann amach ábhar an churaclaim. Ba chóir a thuiscint go bhfuil dlúthcheangal idir na snáitheanna sa mhéid go mbraitheann tuiscint ar cheann acu ar thuiscint ar cheann eile, go gcuireann siad le tuiscint ar a chéile agus go bhféadfadh gnéithe díobh go léir teacht i gceist laistigh den cheacht céanna. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí sa chló iodálach ar fud na ranna ábhair.

## Na snáitheanna i ranganna 1 agus 2

De réir mar a aibíonn an páiste, dírítear aire sa snáithe *Éisteacht agus freagairt* ar réimse níos leithne foinsí fuaime sa timpeallacht. Gríosaítear é/í chun ciall bheo a bheith aige/aici don cheol trí éisteacht le sleachta rithimeacha ceoil nó le patrúin fuaime. Cabhraíonn siad seo leis an bpáiste idirdhealú a dhéanamh idir buille agus rithim. Baineann an páiste taitneamh chomh maith as ceol atá simplí agus séiseach, nó a bhfuil snáithe scéil ann, agus is minic a leathnaíonn an plé go hábhair eile churaclaim. De réir a chéile, cuireann an páiste eolas ar ghrúpaí leathana uirlisí, mar shampla drumaí agus téaduirlisí.

Leagann an snáithe *Léiriú* béim ar a thábhachtaí is atá sé an guth, an chéad uirlis cheoil ag páiste agus an ceann is gaire dó/di, a úsáid ar mhaithe leis an taitneamh a ghabhann le léiriú agus mar mheán trína ndéantar foghlaim scileanna ceoil a thionscnamh. De réir mar a théann inniúlacht agus muinín an pháiste san amhránaíocht i bhfeabhas, dírítear aire ar litearthacht i gceol den chéad uair. Cuirtear í seo i láthair i bhfoirm shimplithe léirithe rithime (slatnodaireacht) agus tuinairde (raon teoranta de lámhchomharthaí, siollaí sólfá agus nótaí). Déantar an dóigh a dtagann na coda seo le chéile trí bhunsraith d'amhráin agus d'fhoinn choitianta a scrúdú agus dá thoradh sin sealbhaíonn an páiste tuiscint uirthi i rith na tréimhse dhá bhliain. Faigheann an páiste taithí ar cheol as léiriú le cnaguirlisí tiúnta agus neamhthiúnta a d'fhéadfadh a f(h)éinmhuinín agus a t(h)uiscint fhorásach ar dhéanamh ceoil a leathnú, mar shampla conas buille cothrom a choimeád ó cheann ceann píosa ceoil.

Sa snáithe *Cumadóireacht* tugtar deiseanna don pháiste turgnaimh a dhéanamh le huirlisí ceoil, uirlisí a rinneadh sa bhaile san áireamh, smacht a fháil orthu agus tuiscint níos fearr a fháil ar an acmhainn atá iontu chun fuaim a dhéanamh. D'fhéadfaí an raon uirlisí agus teicníochtaí a roghnú chun pearsa nó sraith eachtraí i scéal coitianta a léiriú. Spreagtar an páiste chun cur síos ar phróiseas a p(h)íosa cumadóireachta, chun é a léiriú trí mheán siombailí nó comharthaí agus chun é a thaifeadadh le héisteacht leis níos déanaí.

## Ord, leithead agus doimhneacht

I roghnú ábhair moltar go múinfí gach snáithe agus gach snáithaonad gach bliain chun éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas sa chlár a dheimhniú. I gcoitinne ba chóir na cuspóirí ábhair sna snáithaonaid a iniúchadh san ord ina gcuirtear i láthair iad. I scéim oibre do théarma amháin ba chóir go gcuirfí an comhghaol atá idir na snáitheanna san áireamh; d'fhéadfaí doimhneacht na hoibre sna snáitheanna ar leith a choigeartú ó théarma go téarma nó ó bhliain go bliain.

## Nascadh agus comhtháthú

I nótaí ag bun na snáithaonad sna ranna a bhaineann le hábhar dírítear aire ar roinnt ócáidí inar féidir *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam ceoil) agus *comhtháthú* (.i. comhcheangal traschuraclaim) a dhéanamh.

# Forbairt coincheap do ranganna 1 agus 2

## Coincheapa ceoil

*De thoradh snáthaonaoid an churaclaim cheoil a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Tuiscint do bhuille

- cuisle nó buille cothrom a léiriú (m.sh. máirseáil, greadadh bos)
- an difríocht idir ceol le buille cothrom agus ceol gan buille cothrom a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu

### Tuiscint do ré

- éisteacht le patrúin shimplí rithime a bhfuil sosanna iontu agus aithris is léiriú a dhéanamh orthu

### Tuiscint do luas

- tapa agus mall, ag éirí níos tapúla, ag éirí níos moille a thuiscint agus a idirdhealú i bpatrúin rithimeacha agus shéiseacha

### Tuiscint do thuinairde

- fuaimeanna arda agus ísle, cosúla agus difriúla a thuiscint agus a idirdhealú
- aithris a dhéanamh ar shéiseanna
- comhrian (cruth) séiseanna a aireachtáil

### Tuiscint do dhinimic

- fuaimeanna glóracha, fuaimeanna boga, fuaimeanna ag éirí níos glóraí agus fuaimeanna ag éirí níos boige a thuiscint agus a idirdhealú

### Tuiscint do chomhdhéanamh

- tús, lár agus críoch a thuiscint
- mír ar léir í a bheith difriúil nó á hathsheinm a aithint

## Tuiscint do thondath

- raon d'ábhair a dhéanann fuaim a iniúchadh
- uirlisí a rangú de réir an dóigh a dtáirgíonn siad fuaim
- fuaimeanna agus uirlisí ar léir iad a bheith difriúil a idirdhealú

  *triantán, druma*

## Tuiscint d'uigeacht

- éisteacht le fuaimeanna ó fhoinse amháin nó ó níos mó ná foinse amháin agus freagairt dóibh

## Tuiscint do stíl

- éisteacht le ceol i stíleanna éagsúla agus freagairt dó.

# Snáithe: Éisteacht agus freagairt

Snáithaonad

## Iniúchadh fuaimeanna

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Fuaimeanna sa timpeallacht

- éisteacht le fuaimeanna sa timpeallacht, iad a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu le feasacht fhorásach

  *otharcharr, clog aláraim, toirneach, ciúnas*

- fuaimeanna a aithint agus a rangú de réir critéar éagsúil

  *fuaimeanna meicniúla de chineálacha éagsúla*

    *lomaire faiche, druilire aeroibrithe*

  *cineálacha éagsúla tafann*

    *glamaíl, sceamhaíl, tafann, drantán*

- difríochtaí tuinairde a aithint agus a léiriú

  *ard, íseal agus fuaimeanna eatarthu*

### Fuaimeanna gutha

- difríochtaí tuinairde i nguthanna difriúla a aithint

  *páiste, fir, bean*

- rithim chainte nádúrtha focal coitianta a iniúchadh

  *'trucaillín, trucaillín, trucaillín donn'*

  *'ná bac le mac a' bhacaigh mura mbacfaidh mac a' bhacaigh leat'*

  *'home again, home again, jiggity jig'*

  *Gaillimh, Corcaigh, Tiobraid Árann, Sligeach*

### Cnagadh coirp

- bealaí éagsúla a aimsiú chun fuaimeanna a dhéanamh trí chnagadh coirp

  *cnagadh, bualadh bos, greadadh cos, smeach méar*

### Uirlisí

- bealaí a iniúchadh chun fuaimeanna a dhéanamh ag úsáid uirlisí saothraithe agus uirlisí a rinneadh sa bhaile

  *uirlisí saothraithe*

    *triantán, tambóirín, druma, clingmhaide*

  *uirlisí a rinneadh sa bhaile*

    *croitheadóirí, rudaí adhmaid nó miotail, snáithíní*

  *bualadh nó croitheadh ar bhealaí éagsúla*

- a iniúchadh mar is féidir na fuaimeanna a dhúisítear le huirlisí difriúla a úsáid chun fuaimeanna agus fuaimphictiúir a chur in iúl

  *siosarnach páipéir chun duilleoga sa ghaoth a chur in iúl*

  *leatha cnó cócó chun capaill ar chosa in airde a chur in iúl.*

Snáithaonad

## Éisteacht le ceol agus freagairt dó

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- éisteacht le raon de phíosaí gearra ceoil aithnidiúil nó ceoil anaithnid nó le sleachta astu

    *sleachta as ceol clasaiceach*

    *'Tubby an Tiúba' le G. Kleinsinger*

    *'Peadar agus an Mac Tíre' le Prokofiev*

    *sleachta as 'An Cnóire' le Tchaikovsky*

    *ceol na hÉireann*

    *'Riverdance' le Bill Whelan, 'Trad at Heart'*

    *ceol pobail*

    *'Walking in the Air' (téama as 'The Snowman' le Howard Blake)*

    *'Grandad' le Flowers and Pickett*

    *seónna ceoil*

    *amhráin as 'Oliver!' le Lionel Bart*

- freagairt go samhlaíoch do phíosaí ceoil trí ghluaiseacht

    *greadadh bos, cnagadh, luascadh, máirseáil, damhsa*

- labhairt faoi phíosaí ceoil, tosaíochtaí a lua agus freagairt dóibh ar bhealaí éagsúla

    *tá an ceol seo spreagúil, brónach, beoga*

    *cuireann sé áthas, eagla, meadhrán orm*

    *cuireann sé an sorcas, stoirm, sluaite móra i gcuimhne dom*

    *scríbhneoireacht, líníocht, péintéireacht, dordán*

- an buille cothrom a thaispeáint agus é/í ag éisteacht le píosaí éagsúla de cheol beo nó de cheol taifeadta, ag tionlacan amhrán nó cantaireachtaí

    *máirseáil, greadadh bos, scipeáil, damhsa*

- ceol le buille cothrom agus ceol gan buille cothrom a idirdhealú

    *ceol le buille cothrom*

    *'Tine Chnámh sa Gheimhreadh' le Prokofiev*

    *ceol gan buille cothrom*

    *'Téama as Harry's Game' le Clannad*

- a aithint agus a léiriú go raibh luas an cheoil tapa nó mall, ag éirí níos tapúla nó níos moille

  *buille druma, é á sheinm go tapa nó go mall*

  *ceol rince*

  *luas ag éirí níos tapúla: 'Shoe the Donkey'*

  *luas mall: sliocht gearr as Coinséartó Pianó Uimhir 21, an dara gluaiseacht, le Mozart.*

- fuaimeanna ag leibhéil éagsúla dinimice (glórach agus bog, ag éirí níos glóraí agus ag éirí níos boige) a idirdhealú

  *triantán, é a bhualadh go trom chun fuaim ghlórach a dhéanamh, go mín chun fuaim bhog a dhéanamh*

  *ceol ag éirí níos glóraí de réir a chéile*

  *'Bolero' le Ravel*

- an difríocht idir fuaimeanna fada agus fuaimeanna gearra a aireachtáil

  *déanann uirlis athshondach, triantán nó bodhrán mar shampla, fuaim fhada nuair a bhuailtear é; má leagtar lámh uirthi bristear an fhuaim agus giorraítear í dá réir*

- uirlisí ar léir iad a bheith difriúil a aithint

  *bodhrán, triantán.*

*Nascadh*

Cumadóireacht—píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Comhtáthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht; Dath; Gnéithe na healaíne—feasacht ar líne, cruth, patrún

Corpoideachas: Damhsa—Damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Fuaim

# Snáithe: Léiriú

Snáithaonad

## Amhránaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- raon forásach d'amhráin agus de shéiseanna a aithint agus a chanadh le breis smachta ghutha agus muiníne

  *amhráin agus cluichí chlós na scoile*

  *foinn tíre*

  *gníomh-amhráin*

  *amhráin Ghaeilge*

  *foinn phobail*

  *téamaí ón teilifís agus ón raidió*

    *ina measc ba chóir go mbeadh:*

    *foinn peinteatonacha (bunaithe ar chúig nóta: d, r, m, s, l)*

- séiseanna gearra a aithint agus aithris a dhéanamh orthu mar mhacalla

  *'Féileacáin', 'This Old Man',*

- an buille (cuisle) cothrom a thaispeáint agus é/í ag léiriú amhrán coitianta, cluichí canta nó cantaireachtaí rithimeacha

  *ag canadh an fhoinn agus é/í ag bualadh nó ag cnagadh an bhuille*

  *cantaireacht*

    *'Buail ar an Doras'*

- an difríocht idir buille agus rithim a thuiscint

  *ag máirseáil don bhuille agus é/í ag greadadh bos le rithim nó le focail amhráin*

  *coimeádann grúpa amháin an buille, buaileann grúpa eile an rithim, canann grúpa eile an t-amhrán*

- cruth séiseanna a aireachtáil a bheith ag dul suas, ag teacht anuas nó ag fanacht mar an gcéanna

  *séis ag teacht anuas*

  *an dara leath de 'Cuach mo Londubh Buí'*

  *an chéad líne de 'Cuir Lúcháir ar an Domhan'*

- an dinimic is oiriúnaí d'amhrán (glórach, bog) a roghnú

  *amhránaíocht bhog shéimh do shuantraí*

  *amhránaíocht ghlórach fhuinniúil do mháirseáil*

  *nó ghníomhamhrán*

- difríochtaí soiléire a chruthaítear idir coda amhrán i bhfoirmeacha éagsúla a thabhairt faoi deara

  *véarsa agus loinneog, glaoch agus freagairt*


  *aonréad cór, ceist agus freagra.*

## Snáithaonad Litearthacht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*


### Rithim

- rithimphatrúin choitianta a aithint agus a léiriú ó mheabhair agus ó nodaireacht




### Tuinairde

- cruth (comhrian) séise simplí a aithint




*Mar léiriú amháin:*

| *Luach an nóta* | *Ainm an nóta* | *Siolla rithime* | *Slatnodaireacht* | *Nodaireacht chaighdeánach* |
|---|---|---|---|---|
| 1 bhuille | *croisín* | *ta* | ❘ | ♩ |
| ½ bhuille | *camán* | *ti nó ti-ti do 2 chamán* | ↾ (⊓) | ♪ (♫) |
| Sos aon bhuille | *sos croisín* | *(gotha)* | Z | 𝄽 |

- foinn agus cluichí canta coitianta laistigh de raon dhá nóta nó trí a aithint agus a chanadh*

  *mar dhordán*


  *canta do shiolla amháin (m.sh. da da da)*

  *ó lámhchomharthaí*

  *canta i sólfá tonach (s, m nó l, s, m)*

  *'Rain, rain, go away' (s, m, ss, m) 'Olé, olé' (m, s, m, s)*


  *ó chliathnodaireacht (cliath dhá líne)*





### Rithim agus tuinairde

- foinn shimplí ina gcónasctar rithim agus tuinairde a aithint agus a chanadh ó nodaireacht shimplithe

  *slatnodaireacht*




  *cliathnodaireacht shimplithe*




**Patrúin shéiseacha agus idirchéimeanna a mholfaí, bunaithe ar na nótaí s, m, l:*

*s-m m-s l-s-m s-l l-s s-l-s-m ss-ll-ss-mm s-ml-s-m l-m m-l*

**Snáithaonad**

## Seinm uirlisí

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- roinnt cnaguirlisí a sheinm go muiníneach

  *nótaí fada agus gearra a sheinm ar an triantán,*

  *tambóirín, nó druma*


  *duine ar dhuine, go haonarach nó i ngrúpaí beaga*

- cnaguirlisí a úsáid chun an buille nó rithim a thaispeáint agus é/í ag tionlacan amhrán nó cantaireachtaí rithimeacha

- foinn shimplí dhánóta nó trínóta a aithint agus a léiriú ó chluas nó ó nodaireacht shimplí

  *ag baint úsáide as cnaguirlisí tiúnta (m.sh. barraí clinge, glockenspiel), d'fhéadfaí fonn mar 'Hot Cross Buns' a sheinm ar na nótaí B, A, G*

  *cliathnodaireacht shimplithe (dhá líne):*



Snáithaonad

## Tobchumadh agus cruthú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- agus é/í ag obair ina (h)aonar nó mar bhall de ghrúpa fuaimeanna a roghnú ó fhoinsí éagsúla chun pearsana nó sraith eachtraí a léiriú

  *pearsana a léiriú*

  *gach duine den Seachtar Abhac*

  *na Trí Bhéar*

  *maisíochtaí fuaime a úsáid mar thionlacan le cluichí, dánta, scéalta, pictiúir*

- píosaí gearra ceoil a chumadh agus a léiriú le héascaíocht fhorásach agus le smacht breise ar gnéitheanna ceoil

  *ard/íseal (tuinairde), tapa/mall (luas), glórach/bog (dinimic), fada/gearr (rithim), tús/lár/deireadh (comhdhéanamh)*

  *fuaim ard tapa, fuaim íseal tapa, ansin fuaim ard tapa arís*

  *sraith eachtraí á léiriú i bhfuaim*

  *scéal stoirme:*

  *gaoth: fuaimeanna guthacha gaoithe (fada)*

  *báisteach: fuaimeanna crothla le croitheadóirí (tapa)*

  *toirneach: druma plimpíleach (mall, glórach)*

  *báisteach ag stopadh: croitheadóirí (á seinm níos ciúine agus níos moille)*

  *taitneamh na gréine: fuaim ghliogránach ar thriantán (gearr, bog)*

- patrúin shimplí shéiseacha agus rithimeacha a mheabhrú, a fhreagairt agus a chumadh agus an guth, cnagadh coirp agus uirlisí ceoil a úsáid chuige

  *comhráite canta*

  *'Cá bhfuil do mhála?'—'Faoin mbord'*

  *'Céard a bhí agat dod' bhricfeasta?'—Tósta agus marmaláid!'*

  *tobchumadh gutha*

  *'Feithiclí' (bunaithe ar phatrún ceithre-bhuille):*

  *Ca-----------------rr, ca------------------rr*
  *Leoraí, leoraí, leoraí, leoraí*
  *Bord scátála, bord scátála,*
  *Inneal bainte móna, inneal bainte móna.*

Snáithaonad

## Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cur síos ar a c(h)uid oibre féin agus obair páistí eile


  *mar ar roghnaíodh na huirlisí*
  *conas a rinneadh na fuaimeanna*
  *cad leis ba chosúil na fuaimeanna*
  *cé chomh héasca nó chomh deacair a bhí siad a sheinm*
  *conas a thaitin sé leis/léi a bheith á n-iniúchadh*
  *an rud ab fhearr leis/léi*

- siombailí grafacha a chumadh nó nodaireacht chaighdeánach a úsáid chun fuaimeanna roghnaithe a léiriú

  *siombailí a léiríonn uirlisí miotail agus adhmaid*

*miotal:*  *adhmad:* 

*nodaireacht shimplí rithime le patrún fuaim rithime*



- na píosaí cumadóireachta a thaifeadadh le meáin leictreonacha

  *fearas scoile nó téipthaifeadán simplí páiste a úsáid*

  *méarchlár*

  *ríomhaire.*



*Nascadh*

Éisteacht agus freagairt—Ag iniúchadh fuaimeanna

Léiriú—Ag seinm uirlisí

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht; Gnéithe na healaíne—Feasacht ar líne.

# Ranganna 3 agus 4

# Foramharc

ranganna 3 agus 4

*Forbairt coincheap*

| Coincheapa ceoil | |
|---|---|
| | • Tuiscint do bhuille<br>• Tuiscint do ré<br>• Tuiscint do luas<br>• Tuiscint do thuinairde<br>• Tuiscint do dhinimic<br>• Tuiscint do chomhdhéanamh<br>• Tuiscint do thondath<br>• Tuiscint d'uigeacht<br>• Tuiscint do stíl |

*Tá na coincheapa ceoil thuas bunaithe ar na gnéithe ceoil agus déanfar forbairt orthu de réir mar a chríochnófar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid churaclaim a léirítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Éisteacht agus freagairt | • Iniúchadh fuaimeanna<br>• Éisteacht le ceol agus freagairt dó |
| Léiriú | • Amhránaíocht<br>• Litearthacht<br>• Seinm uirlisí |
| Cumadóireacht | • Tobchumadh agus cruthú<br>• Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh |

# Pleanáil

## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an chláir cheoil do ranganna 3 agus 4 á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt coincheap' a dhéanann cur síos ar na coincheapa ceoil ar chóir don pháiste iad a fhorbairt de réir mar a bhíonn sé/sí ag plé le gníomhaíochtaí ceoil
- trí *shnáithe*, a leagann amach ábhar an churaclaim. Ba chóir a thuiscint go bhfuil dlúthcheangal idir na snáitheanna sa mhéid go mbraitheann tuiscint ar cheann acu ar thuiscint ar cheann eile, go gcuireann siad le tuiscint ar a chéile agus go bhféadfadh gnéithe díobh go léir teacht i gceist laistigh den cheacht céanna. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí sa chló iodálach ar fud na ranna ábhair.

## Na snáitheanna i ranganna 3 agus 4

Le linn dó a bheith ag cur leis an eispéireas a bhí ag an bpáiste sna leibhéil go dtí seo, leathnaíonn an snáithe *Éisteacht agus freagairt* stór éisteachta an pháiste agus cuirtear feasacht ar fhoinsí fuaime ó chultúir eile san áireamh. Cuirtear dúshlán faoin bpáiste ó thaobh aireachtáil éisteachta de le sleachta éisteachta níos faide agus le héileamh ar fhreagraí níos cruinne ar a n-áirítear roinnt uirlisí ceolfhoirneacha agus uirlisí Gaelacha a aithint. Sa snáithe *Léiriú* nascann freagairt fhisiceach tuiscint do bhuille, do rithim agus do shéis le tionscnamh na seanma ar uirlisí séiseacha.

Leagann an snáithe *Léiriú* béim ar a thábhachtaí is atá sé an guth, an chéad uirlis cheoil ag páiste agus an ceann is gaire dó/di, a úsáid ar mhaithe leis an taitneamh a ghabhann le léiriú agus mar mheán trína ndéantar foghlaim scileanna ceoil a thionscnamh.

Trí mheán na hamhránaíochta dírítear aire an pháiste ar litearthacht sa cheol, i bhfoirm léirithe shimplithe rithime (slatnodaireacht) agus thuinairde (comharthaí láimhe agus siollaí sólfá) i dtosach báire agus, ag céim níos déanaí, i bhfoirm nodaireachta caighdeánaí (cliath chúiglíne). Déantar an dóigh a nascann na gnéithe seo le chéile a iniúchadh i mbunsraith d'amhráin agus de shéiseanna coitianta agus sa chaoi sin cuirtear saol na litearthachta ceoil i láthair an pháiste ar bhealach ceolmhar páistelárnach.

Fad a bhíonn an páiste ag leanúint leis/léi ag léiriú le huirlisí tiúnta agus neamhthiúnta cuireann sé/sí eolas ar uirlisí séiseacha chomh maith, ar an bhfeadóg stáin nó ar an bhfliúit Shasanach mar shampla, agus tugann sé seo deis dó/di a f(h)éinmhuinín agus a t(h)uiscint fhorásach ar dhéanamh ceoil a thaispeáint.

Sa snáithe *Cumadóireacht* tugtar deiseanna don pháiste a c(h)ruthaitheacht agus a (h)uathúlacht a chur in iúl trí raon de chnaguirlisí agus d'uirlisí séiseacha a thástáil agus cumas a fháil orthu. D'fhéadfaí uirlisí agus teicníochtaí simplí a roghnú agus iad a úsáid le seifteanna lánléiritheacha mar dhinimic agus luas chun atmaisféar, pearsa nó sraith idéanna a chur in iúl. Spreagtar an páiste chun meastóireacht a dhéanamh ar a c(h)uid oibre agus chun cur síos ar an bpróiseas cumadóireachta agus é a phlé. D'fhéadfaí an píosa cumadóireachta críochnaithe a léiriú trí shiombailí nó comharthaí a úsáid agus d'fhéadfaí é a thaifeadadh le héisteacht leis níos déanaí.

## Ord, leithead agus doimhneacht

I roghnú ábhair moltar go múinfí gach snáithe agus gach snáithaonad gach bliain chun éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas sa chlár a dheimhniú. I gcoitinne ba chóir na cuspóirí ábhair sna snáithaonaid a iniúchadh san ord ina gcuirtear i láthair iad. I scéim oibre do théarma amháin ba chóir go gcuirfí an comhghaol atá idir na snáitheanna san áireamh, ach d'fhéadfaí doimhneacht na hoibre sna snáitheanna ar leith a choigeartú ó théarma go téarma nó ó bhliain go bliain.

## Nascadh agus comhtháthú

I nótaí ag bun na snáithaonad sna ranna a bhaineann le hábhar dírítear aire ar roinnt ócáidí inar féidir *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam ceoil) agus *comhtháthú* (.i. comhcheangal traschuraclaim) a dhéanamh. Is féidir le múinteoirí na deiseanna seo a aithint le linn dóibh a bheith ag pleanáil an chláir oibre.

# Forbairt coincheap do ranganna 3 agus 4

## Coincheapa ceoil

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim cheoil a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Tuiscint do bhuille

- cuisle nó buille cothrom a léiriú (am a choinneáil leis an gceol)
- an difríocht idir ceol le buille cothrom agus ceol gan buille cothrom a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu
- buillí tréana agus buillí laga a aimsiú agus a aithint
- am dhá bhuille (ar nós máirseála), am trí bhuille (ar nós válsa), am a sé a hocht (ar nós poirt) a aithint

### Tuiscint do ré

- éisteacht le patrúin d'fhuaimeanna fada, d'fhuaimeanna gearra agus de thostanna agus aithris is léiriú a dhéanamh orthu

### Tuiscint do luas

- tapa agus mall, ag éirí níos tapúla, ag éirí níos moille a thuiscint agus a idirdhealú i bpatrúin rithimeacha agus shéiseacha

### Tuiscint do thuinairde

- fuaimeanna arda, ísle, cosúla, difriúla agus athdhéanta a thuiscint agus a idirdhealú
- aithris a dhéanamh ar shéiseanna
- comhrian (cruth) séiseanna a aireachtáil (an cruth ginearálta de shéis ghearr shimplí léirithe ar chliath)

### Tuiscint do dhinimic

- fuaimeanna glóracha, fuaimeanna boga, fuaimeanna ag éirí níos glóraí agus fuaimeanna ag éirí níos boige a thuiscint agus a idirdhealú
- leibhéil oiriúnacha glóir agus boige a roghnú agus é/í ag léiriú

### Tuiscint do chomhdhéanamh

- tús, lár agus críoch a thuiscint
- mír cheoil atá difriúil nó á hathsheinm a aithint
- freagairt le tuiscint do mhír cheoil (déanamh de réir na ranna nádúrtha sa cheol)

### Tuiscint do thondath

- fuaimeanna agus uirlisí difriúla a iniúchadh, a rangú agus a idirdhealú
- roinnt finte uirlisí a aithint

### Tuiscint d'uigeacht

- difríochtaí idir fuaimeanna singil agus comhfhuaimeanna a aithint agus é/í ag éisteacht

### Tuiscint do stíl

- éisteacht le ceol i raon leathan stíleanna agus freagairt dó.

Snáithaonad

## Iniúchadh fuaimeanna

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Fuaimeanna sa timpeallacht

- éisteacht le raon forásach d'fhuaimeanna éagsúla as raon forásach foinsí agus cur síos orthu

  *dhá uaireadóir ag ticeáil, ceann acu leis féin agus an ceann eile greamaithe le téip de dhoras (oibríonn doras folamh mar sheomra athshonda agus méadaítear an fhuaim)*

  *banda rubair sínte trasna bosca cairtchláir*

  *mirlíní a scaoiltear anuas ar dhromchla crua nó bog*

  *buidéal atá lán d'uisce, leath-lán, folamh*

- fuaimeanna laistigh de raon caol a rangú agus cur síos a dhéanamh orthu

  *ceiliúr éin*

  *faoileán, colúr, cág, druid*

  *aláraim ghluaisteáin*

  *aláraim tí*

- difríochtaí tuinairde a aithint agus a léiriú

  *fuaimeanna arda, ísle agus eatarthu, níos airde ná, níos ísle ná, mar an gcéanna le, difriúil, athdhéanta*

  *nótaí méarchláir*

  *cloigín dorais, cloig scoile, clingearacht teileafóin*

### Fuaimeanna gutha

- na cineálacha difriúla fuaime ar féidir leis an nguth canta agus leis an nguth labhartha iad a dhéanamh

  *dordán, feadaíl, 'amhránaíocht cheoldráma' a chur i gcomparáid le chéile*

  *turngnaimh a dhéanamh le hathruithe gutha chun mothúcháin agus bríonna difriúla a chruthú*

  *comhráite labhartha agus comhráite canta sa ghuth nádúrtha a chur i gcodarsnacht*

- aithris a dhéanamh leis an nguth ar phatrúin d'fhuaimeanna fada agus gearra

  *'Ha amach, ha amach, capaillín spágach'*

Cnagadh coirp

- bealaí éagsúla a aimsiú chun fuaimeanna a dhéanamh trí chnagadh coirp, i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga

  *cnagadh, bualadh bos, greadadh cos, smeach méar,*

  *seicheamh greadta cos agus buailte bos a chruthú*

Uirlisí

- bealaí a iniúchadh chun fuaimeanna a dhéanamh le huirlisí saothraithe agus le huirlisí a rinneadh sa bhaile

  *cnaguirlisí saothraithe neamhthiúnta*

    *druma, clingmhaide, triantán*

  *cnaguirlisí saothraithe tiúnta*

    *barra clingíní, xileafón*

  *uirlisí séiseacha*

    *feadóg stáin, fliúit Shasanach*

  *uirlisí a rinneadh sa bhaile*

    *croitheadóirí, rudaí adhmaid nó miotail snáithíní, coirníní, píopaí, kazoo círe agus páipéir*

  *séideadh, bualadh nó croitheadh ar bhealaí éagsúla*

- iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir tondath uirlisí oiriúnacha a úsáid chun fuaimeanna agus fuaimphictiúir éagsúla a chur in iúl

  *feadóg stáin chun éin ag ceiliúradh a léiriú*

  *feadóg Swanee chun titim nó sleamhnú a léiriú*

  *cnaguirlis thiúnta, mar ghlocainspíl, chun braonacha báistí a chur in iúl.*

*Nascadh*

Cumadóireacht—Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Comhtháthú*

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Fuaim.

Snáithaonad

## Éisteacht le ceol agus freagairt dó

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- éisteacht le stíleanna agus genre éagsúla ceoil, sleachta coitianta san áireamh, feidhm agus comhthéacs staire (más cuí) an cheoil sin a aithint agus cur síos air

  *ceol a insíonn scéal*

  *'Printíseach an Asarlaí' le Dukas*

  *ceol tuairisciúil*

  *'Na Pláinéid' le Holst*

  *'Ceolchlog Víneach' as 'Sraith Háry János' le Kodály*

  *ceol Gaelach*

  *taifeadtaí leis na Chieftains, Altan, Na Casaidigh, Máire Bergin*

  *ceol pobail*

  *'A Spacemen Came Travelling' á léiriú ag Chris de Burgh*

  *ceol na scannán*

  *'Téama as Superman' le J. Williams*

  *ceol diaga*

  *'Curfá Alleluia' as 'Messiah' le G. F. Handel*

- cur síos a dhéanamh ar a f(h)rithghníomhartha nó ar a m(h)othúcháin tosaigh i leith a p(h)íosaí cumadóireachta féin nó i leith píosaí le daoine eile (bíodh na píosaí sin taifeadta nó á léiriú beo) agus tosaíochta a lua

  *cuireann an ceol seo eitilt, glanadh mo sheomra codlata, an Nollaig i gcuimhne dom*

- freagairt go samhlaíoch do phíosaí níos faide ceoil i raon de shlite éagsúla

  *gluaiseacht, damhsa, mím a chruthú*

  *dán nó scéal a scríobh agus a léiriú trí amharcealaín*

- an buille cothrom a thaispeáint agus é/í ag éisteacht le ceol beo nó ceol taifeadta á sheinm mar thionlacan d'amhráin nó do chantaireachtaí

  *máirseáil, greadadh bos, cnagadh, scipeáil, damhsa ina (h)aonar agus i ngrúpaí*

- idirdhealú a dhéanamh idir ceol le buille cothrom agus ceol gan buille tréan

  *buille cothrom: 'Hennessy's' taifeadta ag Arcady*

  *gan buille cothrom: ceol chun scíthe*

- buillí tréana agus buillí laga a aithint agus a léiriú trí ghothaí

  *greadadh bos do bhuille tréan, cnagadh glún do bhuille lag*

- luas an cheoil a bheith tapa nó mall, ag éirí níos tapúla nó níos moille a aithint agus cur síos a dhéanamh air

  *tapa: sleachta as 'Carpathian Virtuosi', ceol tíre ón Rómáin a taifeadadh sa Cheoláras Náisiúnta*

- idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna a bheadh difriúil ó thaobh ré (fada nó gearr) agus é/í ag éisteacht le ceol

  *fuaimeanna fada agus gearra i nglór buabhaill*

  *tormáil fhada druma I gcodarsnacht le drumadóireacht ghearr scoite*

- roinnt finte uirlisí a aithint

  *téaduirlisí, uirlisí práis, cnaguirlisí (drumaí)*

  *uirlisí traidisiúnta Gaelacha*

- freagairt go cuí do mhíreanna i ndréacht ceoil ar léir iad a bheith difriúil

  *seichimh nó patrúin ghluaiseachta a athrú chun rannóg nua a chur in iúl*

    *'Sraith an Chnóire' le Tchaikovsky*

    *'Lucy in the Sky with Diamonds' le Lennon agus McCartney*

- am dhá-bhuille (ar nós máirseála) agus trí-bhuille (ar nós válsa) a aimsiú trí ghothaí a úsáid mar thionlacan do cheol

  *éisteacht le ceol máirseála agus freagairt dó le gluaiseacht siúil: clé, deas, clé, deas*

    *'Máirseál Bhriain Bárú'*

    *'When the Saints Go Marching In'—traidisiúnta*

  *éisteacht le válsaí agus freagairt dóibh leis an ngluaiseacht damhsa: aon-dó-trí, aon-dó-trí*

    *'Válsa Marino' léirithe ag M. Howard agus J. Sheahan*

    *'An Danóib Ghorm' le J. Strauss*

- taithí a fháil ar am a sé a hocht (ar nós port)

  *'Cailleach an Airgid'*

  *'An Rógaire Dubh'*

*Nascadh*

Cumadóireacht—Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht; Dath; Gnéithe na healaíne—Feasacht ar líne, ar chruth, ar phatrún

Corpoideachas: Damhsa—Damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Stair: Scéalaíocht; Pobail agus sochaithe ársa; Leanúnachas agus athrú le himeacht ama; Staidéir áitiúla; Féastaí agus féilte san am atá thart.

# Snáithe: Léiriú

Snáithaonad

## Amhránaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Amhránaíocht aoncheoil

- stór forásach d'amhráin a chanadh ó chuimhne le breis smachta gutha, muiníne agus mothaithe

  *amhráin Ghaeilge*

  *amhráin agus cluichí clóis*

  *foinn tíre ó thíortha eile*

  *gníomhamhráin*

  *rothlaim nó canónacha simplí*

  *amhráin den chineál 'glaoch agus freagairt'*

  *iomainn agus carúil shimplí*

    *ina measc ba chóir go mbeadh:*
    *amhráin pheinteatonacha (bunaithe ar chúig nóta: d, r, m, s, l)*
    *amhráin sna mórghléasanna agus sna mionghléasanna*

- breis smachta ar chuisle (buille cothrom) agus ar luas a thaispeáint agus é/í ag canadh fonn coitianta

  *fonn a chanadh agus ag an am céanna an buille a chnagadh nó a bhualadh agus an luas ceart a choinneáil*

- an difríocht idir buille agus rithim a thuiscint

  *i ngrúpaí: ag coinneáil an bhuille, ag cnagadh na rithime agus ag canadh an amhráin*

  *páistí aonánacha: ag máirseáil don bhuille, ag cnagadh na rithime agus ag canadh an amhráin*

- amhráin choitianta a léiriú le tuilleadh tuisceana agus smachta thuinairde (idirchéimeanna cruinne) agus i raon leathnaithe gutha

  *'An Chuach'—amhrán tíre Gearmánach*

  *'Bog Braon don Seanduine'*

  *'Tzena Tzena'—amhrán tíre Iosraelach*

- amhráin choitianta a léiriú le tuilleadh feasachta ar dhinimic, ar mhíriú (sosanna oiriúnacha sa cheol) agus ar mhothú

  *suantraí*

    *'Dún do Shúile', ag úsáid na hanála mar thaca léirithe*

- na difríochtaí a chruthaítear idir mhíreanna d'amhráin i bhfoirmeacha éagsúla a shonrú

    *véarsa agus loinneog*

    *glaoch agus freagairt*

    *aonréad-cór*

    *ceist agus freagra*

    *comhdhéanamh amhráin cheithrelíne (amhail i bhfilíocht nó i véarsaíocht)*

Páirtamhránaíocht shimplí

- ostinato (patrún a athdhéantar arís agus arís eile) rithimeach nó séiseach nó dordán (nótaí fada marthanacha) a léiriú mar thionlacan d'amhrán

    *rithimeach*

        *patrún mar* | | ⊓ | *a bhualadh nó a chnagadh le linn bheith ag canadh 'Frère Jacques'*

    *séiseach (i ngrúpaí)*

        *grúpa amháin ag canadh 'Pour on water—' (s f m m) fad is atá grúpa eile ag canadh 'London's Burning'*

        *canann grúpa amháin 'Frère Jacques' fad is a choinníonn grúpa eile an nóta 'doh'*

- rothlaim shimplí in dhá pháirt nó níos mó a léiriú, i ngrúpaí

    *'Ceol Ars' an tAsal'*

    *'Three Blind Mice'*


    *'Oh, How Lovely is the Evening'.*

## Snáithaonad Litearthacht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Rithim

- rithimphatrúin amhrán agus cantaireachtaí aithnidiúla a aithint agus a shonrú




- roinnt siombailí caighdeánacha a aithint agus a úsáid chun méadar (am) agus rithim a chlárú

  *aon bhuille (croisín)*

  *leathbhuille (camán)*

  *sos aon-bhuille (sos croisín)*

  *dhá bhuille (minim) mar rithimphatrúin slatnodaireachta*

  *in am* $\frac{2}{4}$ , $\frac{3}{4}$ *nó in am* $\frac{4}{4}$

| *Luach an nóta* | *Ainm an nóta* | *Siolla rithime* | *Slatnodaireacht* | *Nodaireacht chaighdeánach* |
|---|---|---|---|---|
| 1 bhuille | *croisín* | *ta* | \| | ♩ |
| $\frac{1}{2}$ bhuille | *camán* | *ti* (nó *ti ti* do dhá chamán) | ↾ (⊓) | ♪ (♫) |
| sos 1 bhuille | *sos croisín* | *(gotha)* | Z | 𝄽 |
| 2 bhuille | *minim* | *ta-aa* | 𝅗𝅥 | 𝅗𝅥 |
| 3 bhuille | *minim poncaithe* | *ta-aa-aa* | 𝅗𝅥. | 𝅗𝅥. |

### Tuinairde

- foinn choitianta shimplí a aithint agus a chanadh ar bhealaí éagsúla

  *mar dhordán*

  *canta mar shiolla amháin (m.sh. da da da)*

  *ó chomharthaí láimhe*

  *canta i sólfá tonach*

  *'Trupall, Trapall'—m d r d mm d r d*

- cruth (comhrian) séiseanna a aithint ar scór grafach nó i nodaireacht chaighdeánach

  *'Seán Ó Duibhir a' Ghleanna'—tosaíonn an fonn ar nóta ard, gluaiseann anuas, filleann go nótaí arda agus faoi dheireadh críochnaíonn ar nóta íseal*

- siombailí caighdeánacha a úsáid chun raon teoranta de nótaí agus de phatrúin shéiseacha a aithint agus a chanadh

  *sólfá tonach*

  *comharthaí láimhe*


  *sólfárithimeach (slatnodaireacht le hainmneacha sólfá)*


  | | | | | | | |

  *m m r d m s l s*

  *(luachanna cothroma)*


  *cliathnodaireacht shimplithe*








  *ag tuinairde níos airde*

  *cliath mhéar (is ionann gach méar agus líne ar an gcliath)*



  *cliathnodaireacht iomlán (cúig líne).*




> **Patrúin shéiseacha agus idirchéimeanna a mholfaí bunaithe ar na nótaí s, m, l, r, d:*
> *s-m m-s l-s-m s-l l-s s-l-s-m ss-ll-ss-mm s-ml-s-m l-m m-l*
> *s-d s-m-d d-m-s d-s m-r-d d-r-m d-r r-d.*
> *Ullmhaigh: lah íseal (l,) soh íseal (s,) agus doh ard (d')*

Snáithaonad

## Litearthacht


*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Rithim agus tuinairde


- siombailí caighdeánacha a úsáid chun rithim agus tuinairde shimplí a bhreacadh síos

*slatnodaireacht le hainmeacha sólfá scríofa faoina bun*


*'Tá Dhá Ghabhairín Bhuí Agam'*





*cliathnodaireacht shimplithe (dhá líne nó trí líne)*




*nó ar tuinairde níos airde*





*cliathnodaireacht (cúig líne)*





- a fhionnachtain mar is féidir foinn pheinteatonacha (bunaithe ar chúig nóta: *d, r, m, s, l*) a léamh, a chanadh agus a sheinm in *doh* G, *doh* C, nó *doh* F

*fonn coitianta*

*'Óró 'Sé do Bheatha 'Bhaile' (doh G)*




*'Liza Jane' i gcliathnodaireacht (doh F)*



Snáithaonad

## Seinm uirlisí

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- bealaí éagsúla a aimsiú chun cnaguirlisí agus uirlisí séiseacha a sheinm

  *ligean don bhata preabadh ar an mbarra clingíní chun fuaim fhada thonnchreathach a chruthú*

  *fuaim an triantáin a mhúchadh trí lámh a leagan air*

  *druma a scríobadh nó a bhualadh*

  *roinnt de na poill ar fheadóg stáin a chlúdach chun deireadh a chur le fuaimeanna díoscánacha*

- cnaguirlisí a úsáid chun an buille nó an rithim a thaispeáint agus é/í ag tionlacan amhrán nó cantaireachtaí rithimeacha

  *ostinato (patrún a athdhéantar arís agus arís eile) rithimeach a sheinm mar thionlacan do shéis choitianta*

- foinn shimplí choitianta a aithint agus a léiriú ó mheabhair nó ó nodaireacht

  *cnaguirlisí tiúnta, barraí clingíní a roghnaíodh, nó glockenspiel nó xileafón a cuireadh i ngléas a úsáid*

  *uirlisí séiseacha a úsáid*

    *feadóg stáin nó fliúit Shasanach*

  *foinn pheinteatonacha (bunaithe ar chúig nóta: d, r, m, s, l) a sheinm ar eochracha dubha an mhéarchláir.*

# Snáithe: Cumadóireacht

## Snáithaonad Tobchumadh agus cruthú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cineálacha difriúla fuaime (guth, cnagadh coirp, cnagadh neamhthiúnta agus tiúnta, uirlisí simplí séiseacha, uirlisí leictreonacha) a roghnú chun pearsana, sraith eachtraí nó atmaisféar i scéalta fuaime a léiriú

  *pearsana*

  *áilteoir, seanfhear, spiaire*

  *sraitheanna eachtraí le maisíochtaí fuaime*

  *siúlóid sa dufair*

  *timpiste*

  *atmaisféar i bhfuaim*

  *ceol spásúlach*

  *ceol carnabhail*

- píosaí simplí ceoil a thaispeánann feasacht fhorásach ar ghnéithe an cheoil a chruthú agus a léiriú

  *cuisle, rithim, séis, dinimic (glórach/bog), comhdhéanamh (tús, lár, deireadh, athdhéanamh) agus uigeacht (teaglamaí fuaime)*

  *séis shimplí agus buille cothrom á tionlacan mar chéad mhír, mír i lár baill i gcodarsnacht léi sin agus ansin an tséis á hathdhéanamh arís*

  *'Ar an bhFarraige'*

  *bog, tuinairde ard tapa: planctón, éisc bheaga (triantán beag)*

  *airde meánach: deilf (uirlis shéiseach)*

  *fuaim ghlórach ghearr: siorc (ciombal a bhualadh ar a thaobh)*

  *fuaim bhog fhada: eascann (barraí clingíní nó gang)*

- patrúin shéiseacha agus rithimeacha shimplí a thabhairt chun cuimhne, a fhreagairt agus a chruthú agus an guth, cnagadh coirp agus uirlisí á n-úsáid chuige

  *comhráite canta*

  *múinteoir: 'l s m r …'*

  *páiste: 'm r d d'*

  *nó uirlisí séiseacha a úsáid*

  *ostinato (patrún a athdhéantar) d'amhráin choitianta*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Z | | |
| *buail nó cnag* | *ti ti* | *sos* | *ti ti* | *ta* |

*le linn 'Train is a-coming' a chanadh.*

## Snáithaonad Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cur síos a dhéanamh ar a c(h)uid oibre féin agus obair páistí eile agus í a phlé

    *mar a roghnaíodh na huirlisí*

    *mar a rinneadh na fuaimeanna*

    *cad iad na maisíochtaí a tháirgigh siad*

    *ar éirigh leis/léi na cuspóirí a bhí aige/aice a aimsiú*

    *cad iad na hathruithe atá riachtanach*

    *conas ar thaitin sé leis/léi na fuaimeanna a iniúchadh go haonarach nó le daoine eile agus an rud ab fhearr a thaitin leis/léi*

- siombailí grafacha a chumadh agus a úsáid agus/nó nodaireacht chaighdeánach a úsáid chun patrúin agus tionscnaimh shimplí cheoil a thaifeadadh

    *siombailí grafacha*




*druma* *croitheadóirí* *xileafón* *triantáin*

*nodaireacht chaighdeánach*




*ti ti* *sos* *ti ti* *ta*



*(d)* *s* *m* *s* *l* *s* *m* *d*

- píosaí cumadóireachta a thaifeadadh ar mheáin leictreonacha

    *úsáid a bhaint as fearas scoile, as téipthaifeadán simplí páiste, as méarchlár, as ríomhaire.*

*Nascadh*

Éisteacht agus freagairt—Iniúchadh fuaimeanna

Léiriú—Ag seinm uirlisí (d'fhéadfaí patrúin a iniúchadh sa snáithe Litearthacht a fhí isteach i dtobchumadh agus i bpíosaí cumadóireachta an pháiste)

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht; Dath: Gnéithe na healaíne—Feasacht ar líne, ar chruth, ar phatrún

Stair: Scéalaíocht; Staidéir áitiúla—Féastaí agus féilte san am atá thart.

# Ranganna 5 agus 6

# Foramharc

ranganna 5 agus 6

*Forbairt coincheap*

| | |
|---|---|
| Coincheapa ceoil | • Tuiscint do bhuille<br>• Tuiscint do ré<br>• Tuiscint do luas<br>• Tuiscint do thuinairde<br>• Tuiscint do dhinimic<br>• Tuiscint do chomhdhéanamh<br>• Tuiscint do thondath<br>• Tuiscint d'uigeacht<br>• Tuiscint do stíl |

*Tá na coincheapa ceoil thuas bunaithe ar na gnéithe ceoil agus déanfar forbairt orthu de réir mar a chríochnófar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid churaclaim a léirítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Éisteacht agus freagairt | • Iniúchadh fuaimeanna<br>• Éisteacht le ceol agus freagairt dó |
| Léiriú | • Amhránaíocht<br>• Litearthacht<br>• Seinm uirlisí |
| Cumadóireacht | • Tobchumadh agus cruthú<br>• Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh |

# Pleanáil

## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an chláir cheoil do ranganna 5 agus 6 á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt coincheap' a dhéanann cur síos ar na coincheapa ceoil ar chóir don pháiste iad a fhorbairt de réir mar a bhíonn sé/sí ag plé le gníomhaíochtaí ceoil
- trí *shnáithe,* a leagann amach ábhar an churaclaim. Ba chóir a thuiscint go bhfuil dlúthcheangal idir na snáitheanna sa mhéid go mbraitheann tuiscint ar cheann amháin acu ar thuiscint ar cheann eile, go gcuireann siad le tuiscint ar a chéile agus go bhféadfadh gnéithe díobh go léir teacht i gceist laistigh den cheacht céanna. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí sa chló iodálach ar fud na ranna ábhair.

## Na snáitheanna i ranganna 5 agus 6

Le linn bheith ag cur le heispéireas an pháiste sna leibhéil go dtí seo, leantar de leathnú stór éisteachta an pháiste sa snáithe *Éisteacht agus freagairt* agus cuirtear feasacht ar fhoinsí fuaime ó chultúir agus ó thréimhsí eile san áireamh. Géaraítear ar an aireachtáil éisteachta agus dírítear aire ní hamháin ar chomhdhéanamh agus ar thréithe lánléiritheacha an cheoil ach ar an gcuspóir a bhíonn leis i gcomhthéacsanna nó i sochaí éagsúla freisin. Déantar aithint uirlisí aonaracha agus séiseanna simplí i sleachta éisteachta roghnaithe a athdhaingniú sa snáithe léirithe trí na séiseanna seo a chanadh agus a sheinm.

Leagann an snáithe *Léiriú* béim ar a thábhachtaí is atá sé an guth, an chéad uirlis cheoil ag páiste agus an ceann is gaire dó/di, a úsáid ar mhaithe leis an taitneamh a ghabhann le léiriú agus mar mheán trínar féidir an réimse scileanna ceoil a fhorleathnú. De réir mar a thagann forás ar a neamhspleáchas agus ar a (h)inniúlacht, bainfidh an páiste taitneamh as páirtamhránaíocht shimplí, ag síneadh ó ostinato (patrún athráite) nó dordán (nóta coinneálach) a chanadh go dtí an dara páirt (páirt uachtarach nó íochtarach) a chur leis an gceol faoin am a mbíonn an páiste ag druidim le deireadh rang 6.

Trí mheán na hamhránaíochta dírítear aire an pháiste ar litearthacht sa cheol, ag síneadh ó fhoirm shimplithe nodaireachta (slatnodaireacht) agus thuinairde (comharthaí láimhe agus siollaí sólfá) go nodaireacht chaighdeánach (cliath chúig líne). Leantar ar an dóigh a nascann na gnéithe seo le chéile a iniúchadh i mbunús d'amhráin agus séiseanna coitianta agus sa chaoi sin déantar tuiscint an pháiste do shaol na litearthachta sa cheol a dhaingniú ar bhealach ceolmhar páistelárnach.

Fad a bhíonn an páiste ag leanúint leis/léi ag léiriú le huirlisí tiúnta agus neamhthiúnta cuireann sé/sí eolas ar uirlisí séiseacha chomh maith, ar an bhfeadóg stáin nó ar an bhfliúit Shasanach mar shampla, agus tugann sé seo deis dó/di a f(h)éinmhuinín agus a t(h)uiscint fhorásach ar dhéanamh ceoil a thaispeáint. D'fhéadfadh páistí a bhfuil scileanna acu le huirlisí eile, veidhlín, pianó, méarchlár nó giotár mar shampla, páirt a ghlacadh in obair ghrúpa mar chomhlánú ar cheol an ranga.

Sa snáithe *Cumadóireacht* tugtar deiseanna don pháiste a c(h)ruthaitheacht agus a (h)uathúlacht a chur in iúl trí raon de chnaguirlisí agus d'uirlisí séiseacha a thástáil agus cumas a fháil orthu. Áirítear uirlisí saothraithe agus cnaguirlisí is uirlisí séiseacha a rinneadh sa bhaile sa raon seo chomh maith le huirlisí leictreonacha. D'fhéadfaí uirlisí agus teicníochtaí a roghnú agus a úsáid le seifteanna lánléiritheacha mar dhinimic agus luas le raon cuspóirí in aigne. D'fhéadfaí patrúin rithimeacha nó séiseacha, nó gnéithe eile de na gníomhaíochtaí éisteachta nó léirithe, a chur isteach sa chumadóireacht. Spreagtar an páiste chun léirsmaoineamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a c(h)uid cumadóireachta féin agus ar chumadóireacht daoine eile sula ndéanfaí leasú ar an gcumadóireacht, más cuí sin. D'fhéadfaí an píosa cumadóireachta críochnaithe a léiriú le siombailí, comharthaí nó nodaireacht chaighdeánach agus a thaifeadadh chun éisteacht leis níos déanaí agus chun go ndéanfaí meastóireacht air.

## Ord, leithead agus doimhneacht

I roghnú ábhair moltar go múinfí gach snáithe agus gach snáithaonad gach bliain chun éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas sa chlár a dheimhniú. I gcoitinne ba chóir na cuspóirí ábhair sna snáithaonaid a iniúchadh san ord ina gcuirtear i láthair iad. I scéim oibre do théarma amháin ba chóir go gcuirfí an comhghaol atá idir na snáitheanna san áireamh ach d'fhéadfaí doimhneacht na hoibre sna snáitheanna ar leith a choigeartú ó théarma go téarma nó ó bhliain go bliain.

## Nascadh agus comhtháthú

I nótaí ag bun na snáithaonad sna ranna a bhaineann le hábhar, dírítear aire ar roinnt ócáidí inar féidir *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam ceoil) agus *comhtháthú* (.i. comhcheangal traschuraclaim) a dhéanamh.

# Forbairt coincheap do ranganna 5 agus 6

## Coincheapa ceoil

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim cheoil a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Tuiscint do bhuille

- cuisle nó buille cothrom a léiriú
- an difríocht idir ceol le buille cothrom agus ceol gan buille cothrom a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu
- buillí tréana agus buillí laga a aithint
- am dhá bhuille (ar nós máirseála), am trí bhuille (ar nós válsa) agus am a sé a hocht (ar nós poirt) a aithint agus é/í ag gluaiseacht leis an gceol

### Tuiscint do ré

- éisteacht le patrúin d'fhuaimeanna fada, d'fhuaimeanna gearra agus de thostanna, agus aithris is léiriú a dhéanamh orthu

### Tuiscint do luas

- tapa agus mall, ag éirí níos tapúla, ag éirí níos moille, a thuiscint agus a idirdhealú i bpatrúin rithimeacha agus séiseacha

### Tuiscint do thuinairde

- fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus a idirdhealú
- aithris a dhéanamh ar shéiseanna
- comhrian (cruth) séiseanna a aireachtáil (an cruth ginearálta de shéis ar chliath, ag gluaiseacht i gcéimeanna nó i bpreabanna)

### Tuiscint do dhinimic

- fuaimeanna glóracha agus fuaimeanna boga, fuaimeanna ag éirí níos glóraí agus fuaimeanna ag éirí níos boige a thuiscint agus a idirdhealú
- leibhéil oiriúnacha ghlóir agus bhoige a roghnú le linn léirithe

## Tuiscint do chomhdhéanamh

- mír chodarsnach nó mír athsheinnte a aithint
- freagairt le tuiscint do mhír cheoil (déanamh de réir na ranna nádúrtha)
- foirm shimplí a aithint (m.sh. ABA, san áit gurb ionann A agus an chéad mhír agus B agus an dara mír, i gcodarsnacht le A)

## Tuiscint do thondath

- fuaimeanna agus uirlisí difriúla a iniúchadh agus a idirdhealú
- finte uirlisí a aithint

## Tuiscint d'uigeacht

- fuaimeanna singile a aithint thar chomhfhuaimeanna, sa léitheoireacht (ó nodaireacht ghrafach nó chaighdeánach) nó leis an gcluas (agus é/í ag éisteacht)

## Tuiscint do stíl

- éisteacht le ceol i raon leathan stíleanna agus freagairt dó
- stíleanna ar léir iad a bheith i gcodarsnacht le chéile (m.sh. seinm ceol tíre agus giotár flamenco) a idirdhealú.

Snáithaonad

## Iniúchadh fuaimeanna

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Fuaimeanna sa timpeallacht

- éisteacht le fuaimeanna sa timpeallacht le breis tuisceana ar an dóigh a ndéantar agus a n-eagraítear fuaimeanna

    *tonnta fuaime*

    *macallaí*

    *athshondas*

    *aer, téad, miotal ar tonnchrith*

    *truailliú fuaime*

### Fuaimeanna gutha

- raon fuaimeanna a iniúchadh ar féidir leis an nguth canta agus leis an nguth labhartha iad a dhéanamh

    *fuaimeanna gearra géara gutha, iad labhartha agus canta*
    *'haigh! haigh! haigh!'*

    *fuaimeanna canta agus iad ag teacht anuas nó ag dul suas go mall*
    *fuaimeanna srónacha, scairt gháire, feadaíl, cogarnaíl, monabhar, siosarnach*

- na raonta gutha agus na tondathanna a chloistear i bpíosa ceoil a idirdhealú agus cur síos a dhéanamh orthu

    *soprán, alt, teanór, dord*

    *grágach, piachánach, neamhoilte, amh, cruinn, glinn, tanaí, saibhir*

    *soprán gasúir (tribil), amhránaí ceoldráma, amhránaí rac-cheoil*

### Cnagadh coirp

- raon slite a aithint chun fuaimeanna a dhéanamh i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga is móra trí chnagadh coirp a úsáid

    *cnagadh, bualadh bos, greadadh cos, smeach méar*

    *seichimh níos casta a chruthú le greadadh cos, bualadh bos, smeach méar srl. iontu agus na lámha nó na cosa clé agus deasa in úsáid gach re seach*

## Uirlisí

- bealaí a iniúchadh chun fuaimeanna a dhéanamh le huirlisí saothraithe agus le huirlisí a rinneadh sa bhaile

  *cnaguirlisí saothraithe neamhthiúnta*

  *druma, clingmhaide, triantán*

  *cnaguirlisí tiúnta*

  *barra clingíní, xileafón*

  *uirlisí séiseacha*

  *feadóg stáin, fliúit Shasanach, giotár, méarchlár, veidhlín*

  *uirlisí a rinneadh sa bhaile*

  *croitheadóirí, rudaí adhmaid nó miotail, snáithíní, coirníní, píopa, kazoo círe agus páipéir*

  *crithchláir, drumaí a rinneadh trí thiúb rubair a shíneadh trasna soithigh stáin*

  *téaduirlisí a rinneadh trí chriosanna rubair a shíneadh timpeall cruthanna i bhfoirm bosca*

  *séideadh, stoitheadh, bualadh nó croitheadh ar bhealaí éagsúla agus le huirlisí éagsúla*

  *aer a scaoileadh as balún go mall*

  *barr buidéal ina bhfuil roinnt uisce a bhualadh nó séideadh thairis, an méid uisce sa bhuidéal a athrú*

  *an taobh istigh de phianó, ghiotár, veidhlín, chairdín a iniúchadh*

- iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir tondath uirlisí cuí a úsáid chun fuaimeanna agus fuaimphictiúir éagsúla a chur in iúl

  *clár longadánach chun uisce nó tonnta a léiriú*

  *croitheadóirí chun clagarnaíl báistí a léiriú*

  *glacainspíl chun fear grinn ag damhsa a léiriú*

  *veidhlín chun cait ag olagón a léiriú*

  *nótaí ísle ar an bpianó chun uaimheanna a léiriú*

  *fuaimeanna méarchláir nó leictreonacha chun siúl ar an ngealach a léiriú.*

*Nascadh*

Cumadóireacht—Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Comhtháthú*

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Fuaim

Snáithaonad

## Éisteacht le ceol agus freagairt dó

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- éisteacht le raon leathan de stíleanna agus de thraidisiúin cheoil, sleachta coitianta san áireamh, feidhm agus comhthéacs staire (más cuí) an cheoil sin a aithint agus cur síos a dhéanamh air

  *sleachta as ceol clasaiceach*

  *'Ah, Vous Dirai-Je, Maman' le Mozart*
  *'Fantasia on Greensleeves' le Vaughan Williams*
  *'An Moldau' as 'Má Vlast' le Smetana*
  *'Young Person's Guide to the Orchestra' le Britten*

  *ceol Gaelach, traidisiúnta agus comhaimseartha*

  *'The Brendan Voyage' le Shaun Davey*
  *'The Children of Lir' le Brian O'Reilly*
  *'Swinging Tripes and Trillibubkins' as an albam 'Nua Nós' le Gerald Barry*

  *ceol na scannán*

  *téamaí le Ennio Morricone, John Williams*

  *snagcheol*

  *'Chatanooga Choo Choo' taifeadta ag Glen Miller*

  *ceol diaga*

  *'The Wexford Carol', taifeadtaí ó Mhainistir Ghleann Stail*

  *ceoldráma*

  *'Curfá na Saighdiúirí' as 'Faust' le Gounod*

- éisteacht lena p(h)íosaí cumadóireachta féin agus le píosaí daoine eile (idir thaifeadtaí agus léirithe beo) agus meastóireacht a dhéanamh orthu maidir le freagairt phearsanta, roghnú uirlisí agus cáilíochtaí lánléiritheacha

- freagairt go samhlaíoch do cheol i mbealaí éagsúla

  *gluaiseacht, damhsa, mím a chumadh*

  *'plean' do phíosa cumadóireachta a leagan amach*

  *dán nó scéal a scríobh agus a léiriú trí amharcealaín*

- finte d'uirlisí ceoil a aithint

  *uirlisí ceolfhoirneacha*

  *téaduirlisí, gaothuirlisí adhmaid, na práis, cnaguirlisí*

  *uirlisí traidisiúnta*

  *cruit Ghaelach, feadóg stáin, píb uilleann, feadóg mhór, bodhrán, cairdín, consairtín, fidil Ghaelach*

- maisíochtaí fuaime na n-uirlisí difriúla a scrúdú

  *'Silenzio della Terra' (Ciúnas an Domhain) le Jane O'Leary*

  *'Also Sprach Zarathustra' le Richard Strauss*

  *'The Typewriter' le Leroy Anderson*

- an phríomhuirlis a chloistear i bpíosa ceoil a aithint

  *dordveidhil in 'An Eala' as 'Carnabhal na nAinmhithe' le Saint-Saëns*

  *corn sa 'Horn Concerto in E♭', K447, le Mozart*

- a aithint agus a thuiscint mar a chuireann an luas agus an dinimic a roghnaítear le lánléiritheacht an cheoil

  *luas mall, measartha, tapa, luas ag méadú agus luas ag laghdú*

  *an-bhog, bog, measartha, glórach, an-ghlórach*

  *'An Seville Suite' le Bill Whelan*

  *'Valse Triste' as 'Kuolema', Opus 44, le Sibelius*

- patrúin le buillí tréana agus buillí laga a aithint agus iad a léiriú le gothaí

  *bualadh bos don chéad bhuille, cnagadh don dara buille agus do na buillí ina dhiaidh*

- am dhá bhuille agus trí bhuille a aithint i ngluaiseacht do cheol

  *dhá bhuille i máirseálacha*

  *trí bhuille i válsaí nó i gceol tíre (iartharach)*

  *amhráin choitianta in am trí bhuille*

  *'Báidín Fhéilimí', 'Daisy, Daisy', 'Edelweiss'*

- am a sé a hocht a aithint i ngluaiseacht do cheol

  *'Planxty Irwin'*

  *'The Irish Washerwoman'*

- foirm shimplí a chinneadh agus a léiriú trí ghothaí

  *foirm AB (dénártha) agus ABA (trénártha) a aithint, san áit gurb ionann A agus an chéad mhír agus B an dara mír, i gcodarsnacht le A*

- taithí a fháil ar rithimí poncaithe nó sioncóipiú (béim ar bhuillí ar gnách leo a bheith lag) i bhfoinn choitianta trí gheáitsí agus trí ghluaiseacht

  *sioncóipiú i gceol ón Chairib*

  *'Yellow Bird', 'Junkanoo', 'Day-O'*

  *rithimí poncaithe*

  *'Dúlamán', 'Phil the Fluter's Ball'.*

*Nascadh*

Cumadóireacht—Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht, Dath; Gnéithe na healaíne—Feasacht ar líne,ar chruth, ar thon, ar phatrún

Corpoideachas: Damhsa—Struchtúr damhsa (dénártha nó trénártha)

Stair: Scéalaíocht; Pobail agus sochaithe ársa; Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

# Snáithe: Léiriú

Snáithaonad

## Amhránaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Amhránaíocht aoncheoil

- stór amhrán níos dúshlánaí a aithint agus a chanadh ó mheabhair le feasacht ar chomhthéacs sóisialta, stairiúil agus cultúrtha an cheoil

  *amhráin Ghaeilge*

  *foinn agus damhsaí tíre ó thíortha eile*

  *rothlaim nó canónacha simplí*

  *amhráin den chineál glaoch agus freagairt*

  *amhráin le haguisíní*

  *iomainn agus carúil*

  *bailéid*

  *amhráin ó sheónna ceoil*

  *amhráin phobail*

  *amhráin ealaíne*

  *ina measc ba chóir go mbeadh:*
  *amhráin pheinteatonacha (bunaithe ar chúig nóta: d, r, m, s, l)*
  *amhráin i mórghléasanna, i mionghléasanna agus i ngléasanna módúla*

- canadh go neamhspleách, le breis feasachta agus smachta ar bhuille, ar luas, ar thuinairde, ar urlabhra agus ar staidiúir

  *buille agus luas cothrom a choinneáil, canadh i dtiúin le raon leathnaithe gutha*

  *'Amhráinín Síodraimín'*

- amhráin choitianta a léiriú le breis smachta ar dhinimic, míriú agus mothú

  *na focail a fhuaimniú go soiléir le gutaí leathana agus consain bheoga shoiléire*

  *análú sna háiteanna cuí*

  *staidiúir cheart amhránaíochta a choinneáil*

- an stíl léirithe a chur in oiriúint d'fhocail agus do ghiúmar amhráin

  *leibhéal oiriúnach dinimice a roghnú chun treise a chur ar mhíreanna, ar bharraí nó ar nótaí*

- na difríochtaí a chruthaítear idir mhíreanna amhráin i bhfoirmeacha éagsúla a thabhairt faoi deara

  *véarsa agus loinneog, glaoch agus freagairt, aonréad-cór, ceist agus freagra*

  *amhráin le haguisíní*

  *'Twelve Days of Christmas', 'Hole in the Bottom of the Sea'*

- gnéithe comhdhéanaimh in amhráin choitianta a iniúchadh

  *treo na séise a aithint sa nodaireacht*

  *a rá cé acu an bhfuil toin séise ag gluaiseacht i gcéimeanna, de léimeanna nó trí athdhéanamh*

  *patrúin shéiseacha atá cosúil lena chéile nó i gcodarsnacht a aithint*

  *foirm AB nó foirm ABA*
  *AB: 'Tá na Báid', 'Greensleeves'*
  *ABA: 'Cnocáinín Aerach Chill Mhuire', 'A Shaighdiúirín, a Chroí'*

Páirtamhránaíocht shimplí

- ostinato (patrún a athdhéantar arís agus arís eile) rithimeach nó séiseach nó dordán (nótaí fada marthanacha) a léiriú agus amhrán á thionlacan

  *ostinato rithimeach*
  *patrún mar* 
  *a chnagadh le linn bheith ag canadh 'Tá Dhá Ghabhairín Bhuí Agam'*

  *ostinato nó dordán séiseach*

  *cantaireachtaí as Taizé*

- páirteanna aonánacha rothlaim a idirdhealú trí chanadh, trí éisteacht, trí ghluaiseacht nó trí leideanna nodaireachta a thabhairt faoi deara

  *'Row Your Boat' a chanadh in aoncheol: siúlann na páistí i gciorcal, ag coinneáil ama leis an gceol*

  *i ngrúpaí: tosaíonn na páistí ag siúl nuair a thosaíonn an pháirt atá le canadh acu agus stopann siad, ar uainíocht, nuair a chríochnaíonn sí*

- rothlaim a léiriú le héagsúlachtaí uigeachta

  *'Frère Jacques' a léiriú le guthanna agus*

  *fliúiteanna Sasanacha nó glockenspiel*

- mar bhall de ghrúpa, dhá amhrán a léiriú, iad á gcanadh ina n-aonar agus mar amhráin i bpáirt

  *'This Old Man' agus 'Michael Finnigin'*

  *d'fhéadfaí aon fhoinn pheinteatonacha le comhionannas barraí a úsáid mar amhráin i bpáirt*
  *'Rocky Mountain' agus 'Liza Jane'*

- cóirithe amhrán le contrashéiseanna nó le páirteanna armónacha simplí iontu a léiriú mar bhall de ghrúpa


- páirteanna aoncheoil (ag seinm nó ag canadh na líne céanna) agus páirteanna armónacha (dhá pháirt neamhspleácha nó níos mó le chéile) a aithint leis an tsúil (ó nodaireacht) nó leis an gcluas.

## Litearthacht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Rithim

- rithimphatrúin níos faide agus níos casta a aithint in amhráin agus i gcantaireachtaí coitianta




- roinnt siombailí caighdeánacha chun méadar (am) agus rithim a chlárú a aithint, a ainmniú agus a úsáid

  *buille amháin (croisín)*
  *leathbhuille (camán)*
  *sos aon bhuille (sos croisín)*
  *dhá bhuille (minim)*
  *ceithre bhuille (leathlán)*
  *trí bhuille (minim poncaithe)*
  *buille go leith (croisín poncaithe)*
  *mar rithim phatrúin i slatnodaireacht*

  *in am* $\frac{2}{4}$, $\frac{3}{4}$ *nó* $\frac{4}{4}$

| *Luach an nóta* | *Aimn an nóta* | *Siolla rithime* | *Slatnodaireacht* | *Cliathnodaireact* |
|---|---|---|---|---|
| aon bhuille | *croisín* | *ta* | \| | ♩ |
| leathbhuille | *camán* | *ti (ti ti do dhá chamán)* | ⸢ (⊓) | ♪ (♫) |
| sos aonbhuille | *sos croisín* | *(gotha)* | Z | 𝄽 |
| dhá bhuille | *minim* | *ta-aa* | 𝅗𝅥 | 𝅗𝅥 |
| ceithre bhuille | *leathlán* | *ta-aa-aa-aa* | 𝅝 | 𝅝 |
| trí bhuille | *minim poncaithe* | *ta-aa-aa* | 𝅗𝅥. | 𝅗𝅥. |
| $1\frac{1}{2}$ bhuille | *croisín poncaithe* | *ta-i* | \|. | ♩. |

Tuinairde

- foinn choitianta simplí a aithint agus a chanadh ar líon forásach de bhealaí éagsúla

  *mar chrónán*

  *canta mar shiolla amháin (m.sh. da da da)*


  *ó chomharthaí láimhe*

  *canta i sólfá tonach*


    *an scála diatonach iomlán san áireamh: d, r, m, f, s, l, t, d'*

  *canta ó chliathnodaireacht (cliath chúig-líne), agus treo, cruth agus struchtúr ginearálta na séise á leanúint*

  *'Ding Dong Dedero'*



- cruth (comhrian) séise agus gluaiseacht i gcéimeanna nó i bpreabanna a aithint ó scór grafach nó ó nodaireacht



- siombailí caighdeánacha a úsáid chun séiseanna simplí* a léamh, a chanadh nó a sheinm ar a bhfeiceáil


  *ó shólfá tonach (peinteatonach, m.sh. r' d' l s m r d l, s,)*

  *ó chomharthaí láimhe*

  *ó rithim-sólfá (slatnodaireacht le hainmneacha sólfá)*

  *ó chliath mhéar (is ionann gach méar agus líne ar chliath)*

  *ó chliathnodairecht (cliath chúig-líne)*




**Patrúin shéiseacha agus idirchéimeanna a mholfaí, bunaithe ar na nótaí s, m, l, r, d, l, (lah íseal), s, (soh íseal)*

*s-m m-s l-s-m s-l l-s s-l-s-m ss-ll-ss-mm s-ml-s-m l-m m-l*

*s-d s-m-d d-m-s d-s m-r-d d-r-m d-r r-d*

*d-l, l,-d l,-s, s,-l, d-s, s,-d m-r-d-l, m-r-d-l,-s, l,-d-r-m s,-l,-d-r-m*

*r-l, l,-r m-l, l,-m l-l, r-s, s,-r m-s, s,-m s-s, s,-s*


*s-l, l,-s s,-l l-s,*

*Patrúin eile le leath-thoin san áireamh, m.sh. s-f-m-r-d d-r-m-f-s d-t, d.*


### Rithim agus tuinairde

- siombailí caighdeánacha a úsáid le breis saoráide agus le breis cruinnis chun rithim agus tuinairde shimplí a bhreacadh síos

  *slatnodairecht le hainmneacha sólfá scríofa faoina bun*




  *cliathnodaireacht*



- a aithint gur féidir séiseanna a léamh, a chanadh nó a sheinm i ngléasanna éagsúla
- foinn shimplí le *doh* C, *doh* G nó *doh* F a léamh, a chanadh agus a sheinm ar a bhfeiceáil


  *foinn pheinteatonacha (bunaithe ar chúig nóta: d, r, m, s, l)*

  *'Ailiú Éanaí',*


  *'Here Comes a Bluebird'*

- feidhm na mór-ghléaschomharthaí chun suíomh doh a chur in iúl a thuiscint

  *roinnt gléaschomharthaí*




*mórghléas C (gan géara nó maola)*



*mórghléas G (géar amháin)*




*mórghléas D (dhá ghéar)*



*mórghléas F (maol amháin)*

*'Beidh Aonach Amárach'*



Snáithaonad

## Seinm uirlisí

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- raon de theicníochtaí seanma a léiriú ar líon leathan de chnaguirlisí agus d'uirlisí séiseacha

    *cabasa a smeachadh, a rolladh, a ghreadadh nó a chroitheadh*

    *xileafón a sheinm le bata amháin nó le dhá bhata*

    *gnéithe éagsúla a úsáid ar mhéarchlár leictreonach*

- cnaguirlisí a úsáid le breis muiníne agus scile mar thionlacan d'fhoinn, d'amhráin agus do chantaireachtaí

    *ostinato (patrún athdhéanta arís agus arís eile) rithimeach nó dordán (nóta nó nótaí fada marthanacha) mar thionlacan d'fhoinn agus d'amhráin choitianta*

- foinn choitianta a aithint agus a léiriú ó mheabhair nó ó nodaireacht go neamhspleách

    *ar na huirlisí d'áireofaí*

        *cnaguirlisí tiúnta (m.sh. barraí clingíní, glockenspiel, xileafón)*

        *feadóg stáin, fliúit Shasanach, méarchlár*

    *sa stór ceoil bheadh*

        *séiseanna simplí amhrán coitianta a foghlaimíodh sna blianta roimhe sin*

        *rothlaim shimplí*

            *'Frère Jacques', 'Codail, a Stóirín'*

        *foinn as an gclár éisteachta*

            *'Amhrán an Aoire' as Siansa Uimhir 6 le Beethoven.*

# Snáithe: Cumadóireacht

## Snáithaonad Tobchumadh agus cruthú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- rogha a dhéanamh as raon leathan d'fhoinsí fuaime (guth, cnagadh coirp, cnaguirlisí tiúnta agus neamhthiúnta, uirlisí agus teicneolaíocht shéiseach) le haghaidh raon de chuspóirí sa cheol

  *chun amhrán, scéal, dán, tomhas, greann nó cluiche a thionlacan*

  *chun pearsana nó sraith eachtraí a léiriú*

  *chun giúmar nó atmaisféar a chur in iúl*

  *chun coincheap teibí a léiriú*
  *tine, áilleacht, creathanna talún, innealra*

  *d'ócáid faoi leith*
  *féasta nó féile, bronnadh duaise, ag fágáil slán, ag dul a chodladh*

- píosaí ina dtaispeántar feasacht agus smacht forásach ar gnéithe an cheoil a chumadh agus a léiriú

  *rithim, séis, luas, dinimic, uigeacht (teaglamaí fuaime) agus comhdhéanamh simplí*


  *tionscnaimh don bharra clingíní, ag úsáid na nótaí C, D, E, G, A*
  *séis a chumadh, le cuisle chúig-bhuille, ag coinneál luas socair, ag seinm go bog, go glórach nó le codarsnacht áirithe, ag seinm roinnt nótaí le chéile agus ag leanúint plean shimplí*

- patrúin shéiseacha agus rithimeacha a athghairm, a fhreagairt agus a chruthú, ag úsáid guthanna, cnagadh coirp agus uirlisí

  *comhráite canta*
  *múinteoir: 'm l l s m r m—'*
  *páiste: 'm l l s m r d—'*

  *uirlisí séiseacha á n-úsáid*

  *ostinato (patrún a léirítear arís agus arís eile) rithimeach d'amhráin choitianta*




  *a bhualadh nó a chnagadh*
  *agus curfá 'This Ole House' a chanadh ag an am céanna.*

Snáithaonad

## Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- léirsmaoineamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a c(h)uid oibre féin agus ar obair páistí eile

  *plé agus míniú:*

  *roghnú na n-uirlisí, cáilíocht na bhfuaimeanna*

  *na maisíochtaí fuaime a táirgíodh, úsáid gnéithe ceoil*


  *ar éirigh leis/léi a c(h)uspóirí a bhaint amach, an gá leasuithe a dhéanamh*

  *an sásamh a leanann tobchumadh le fuaimeanna, ina (h)aonar nó le daoine eile*

- siombailí grafacha a chumadh agus a úsáid agus/nó nodaireacht chaighdeánach a úsáid chun línte difriúla de phatrúin agus de thionscnaimh cheoil a thaifeadadh


  *nodaireacht ghrafach*

  *'Bolcáin'*




*nodaireacht rithimeach*

*'Bolcáin'*



- píosaí cumadóireachta a thaifeadadh ar mheáin leictreonacha

    *fearas scoile*
    *ríomhaire*
    *méarchlár*
    *sintéiseoir.*



*Nascadh*

Éisteacht agus freagairt—Iniúchadh fuaimeanna

Léiriú—Litearthacht, Seinm uirlisí (d'fhéadfaí patrúin a iniúchadh sa snáithaonad Litearthacht a fhí isteach i dtobchumadh agus i bpíosaí cumadóireachta an pháiste)

*Comhtháthú*

Na hamharcealaíona: Líníocht, Dath; Gnéithe na healaíne—Feasacht ar líne, ar chruth, ar phatrún

Stair: Scéalaíocht; Staidéir áitiúla—Féastaí agus féilte san am atá thart.

# Measúnú

# Measúnú

## Measúnú: cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim

Is rud lárnach é measúnú i dteagasc agus i bhfoghlaim éifeachtach an cheoil. Cuimsíonn sé an iliomad ócáidí éagsúla ina dtugann an múinteoir rannpháirtíocht an pháiste i ngníomhaíochtaí ceoil agus i gcur i bhfeidhm eolais, scileanna agus tuisceana faoi deara. Tagann na deiseanna measúnaithe seo i gceist nuair a chumann an páiste rud éigin nua, nuair a sheinneann sé/sí uirlis, nuair a chanann sé/sí, nuair a éisteann sé/sí le ceol beo nó taifeadta, nó nuair a bhíonn sé/sí páirteach i malartú freagraí agus tuairimí i ndíospóireacht ranga.

Tá coibhneas idir measúnú sa cheol agus an t-ord ina sealbhaíonn an páiste eolas agus tuiscint ar cheol. Ní shealbhóidh an páiste coincheapa nua mura mbíonn tuiscint aige/aici ar na coincheapa a chuaigh rompu: mar shampla, is gá don pháiste foghlaim faoi luachanna nótaí sula n-iarrtar air/uirthi rithimphatrúin áirithe a léamh ar a bhfeiceáil. Trí riachtanais foghlama an pháiste sa cheol a aithint is féidir leis an múinteoir an teagasc a chur in oiriúint dó/di agus gníomhaíochtaí níos oiriúnaí a phleanáil.

## Rólanna an mheasúnaithe: cad chuige measúnú?

Is féidir feidhmeanna difriúla a bheith ag measúnú, feidhmeanna a thagann i gceist ag céimeanna difriúla den phróiseas teagaisc agus foghlama. Sa cheol, déanann measúnú deimhin de go bhfreastalaíonn na gníomhaíochtaí a sholáthraíonn an múinteoir ar riachtanais na bpáistí, ag cur lena saineolas agus lena dtuiscint fhorásach. Nuair a bhaintear úsáid éifeachtach as an measúnú tig leis lánacmhainn gach páiste a aithint, cuma cén aois é/í nó cén cumas atá ann/inti. Ó tharla, áfach, gurb é tús a (h)óige an t-am is fearr chun cumas an pháiste sa cheol a fhorbairt, tá sé den riachtanas go n-aithneofaí a lánacmhainn go luath ina s(h)aol bunscoile agus go ndéanfaí forbairt air. Tig le measúnú achair laigí nó bearnaí i bhfoghlaim páistí a aithint freisin agus eolas a chur ar fáil faoin dóigh ar cheart mionathruithe a dhéanamh sa teagasc.

Trí léirsmaoineamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ó lá go lá tig le múinteoir pictiúr cruinn a shamhlú den chéad rud eile is gá don pháiste a fhoghlaim. Is féidir measúnú *múnlaitheach* a thabhairt ar mheasúnú leantach den chineál seo, a fhéachann i dtreo obair sa todhchaí. Tá sé éifeachtach chun spriocanna agus cuspóirí gearrthréimhse sa teagasc leantach a bhaint amach.

Is féidir measúnú *suimitheach* a thabhairt ar mheasúnú a thugann achoimre ar an méid atá bainte amach ag an bpáiste go dtí seo sa cheol. Baintear úsáid as de ghnáth ag amanna ceapáirithe, nuair a bhíonn aonad oibre críochnaithe, mar shampla. Bíonn measúnú suimitheach úsáideach nuair a theastaíonn ón múinteoir eolas a chlárú ar bhealach structúrtha nó córasach, nó chun tuairisc ar dhul chun cinn an pháiste sa cheol a thabhairt do thuismitheoirí nó do dhaoine gairmiúla eile.

I gcúinsí áirithe teastóidh ón múinteoir cabhair shonrach atá de dhíth ar an bpáiste a aithint. Comhlíonann measúnú oibiachtúil den chineál seo ról *diagnóiseach* agus tá uirlisí meastóireachta nach bhfuil goilliúnach don pháiste riachtanach chuige.

Mar chríoch, is féidir ról pleanála agus meastóireachta a bheith ag measúnú nuair a dhéanann an múinteoir athbhreithniú ar éifeacht an teagaisc agus ar na modhanna measúnaithe agus nuair a dhéantar cinneadh ar an dóigh ar chóir don obair sa seomra ranga dul ar aghaidh, laistigh de chomhthéacs an phlean scoile sa cheol.

I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh go mba mhian le múinteoir a t(h)uairim go bhfuil bua thar an gcoitiantacht sa cheol ag páiste áirithe a dheimhniú, bua ar chóir é a chothú go cúramach. D'fhéadfaí an tuairim seo a thástáil trí thuairimí comhghleacaithe a lorg nó trí thriail shimplí amhránaíochta nó éisteachta nó triail chaighdeánaithe chumais agus acmhainneachta sa cheol a chur.

## Measúnú sa cheol: cad ba chóir a mheasúnú?

Ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí measúnaithe ina n-íomhá ar na próisis agus ar na torthaí coitianta a leagtar amach i ráiteas ábhar an churaclaim cheoil. Cuimsíonn siad seo dhá réimse leathana: na snáitheanna comhghaolmhara *Éisteacht agus freagairt, Léiriú* agus *Cumadóireacht,* agus gnéithe comhtháite an cheoil.

### *Snáitheanna agus snáithaonaid*

Sa chéad ghné den mheasúnú beifear gafa leis an eolas, na scileanna, an tuiscint agus an dearcadh a rianaítear sna snáitheanna—

*Éisteacht agus freagairt*
*Léiriú*
*Cumadóireacht.*

Sa snáithe *Éisteacht agus freagairt,* déanfaidh measúnú an dá shnáithaonad 'Iniúchadh fuaimeanna' agus 'Éisteacht le ceol agus freagairt dó' a nascadh trí dhíriú ar na bealaí ina ndéanann an páiste freagairt don cheol. Ina measc seo tá úsáid fuaimeanna gutha, focal, gluaiseachtaí móra

nó beaga agus meáin eile chun gnéithe ceoil a léirmhíniú. D'fhéadfaí forbairt íogaireacht agus oscailteacht an pháiste i leith genre agus stíleanna éagsúla ceoil ó réanna, cultúir agus grúpaí eitneacha difriúla a thabhairt faoi deara de réir mar a léiríonn an páiste conas a chuaigh an ceol i bhfeidhm go mothúchánach air/uirthi.

Sa phróiseas *Léiriú,* áit a mbíonn amhránaíocht agus seinm uirlisí i gceist, léireoidh an páiste i ranganna naíonán na scileanna agus an diongbháilteacht is gá chun tuiscint do chuisle a thaispeáint, chun aithris a dhéanamh ar rithimí agus chun séiseanna simplí a chanadh nó a sheinm. De réir mar a fhásann a f(h)éinmhuinín, tabharfaidh dinimic agus míriú ciall agus mothú breise d'amhránaíocht agus do sheinm an pháiste. I ranganna 1 go 6 d'fhéadfaí suntas a thabhairt freisin do thuiscint fhorásach an pháiste ar nodaireacht thionscantach nó chaighdeánach sa cheol. Sna hardranganna go háirithe d'fhéadfaí léiriú aonréadach an pháiste agus a léiriú mar bhall de ghrúpa nó de rang a idirdhealú.

Sa mheasúnú ar an snáithe *Cumadóireacht* déanfar scrúdú ar an bpróiseas: m.sh. iarrachtaí an pháiste, ina (h)aonar nó le páistí eile, idéanna nua ceoil a thaispeáint trí thobchumadh, trí chumadóireacht agus trí chóiriú fuaimeanna ar bhealaí a thugann samhlaíocht, tionscnamh agus fiontraíocht i gceist agus a léiríonn smacht ar ábhair cheoil agus ar úsáid gnéithe an cheoil. Sa mheasúnú tógtar ceann chomh maith de thoradh na cumadóireachta, rud a chuimsíonn meastóireacht an pháiste ar an bpróiseas cumadóireachta, eolas ar mheáin leictreonacha, agus ar úsáid nodaireachta caighdeánaí agus neamhchaighdeánaí chun idéanna a chlárú.

### *Gnéithe an cheoil*

Ba chóir go mbeadh forbairt tuisceana ar ghnéithe an cheoil (buille, ré, luas, tuinairde, dinimic, comhdhéanamh, tondath, uigeacht agus stíl) ina ngné chomh tábhachtach céanna de mheasúnú, ó tharla iad a bheith fite fuaite leis na snáithaonaid mar atá siad leagtha amach sa ráiteas curaclaim.

## Uirlisí measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Is é an t-am is fusa chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim sa cheol ná nuair a bhíonn páistí gafa i ndéanamh ceoil. De réir mar a bhíonn obair an ranga ar siúl déanann múinteoirí agus páistí measúnú go minic mar chuid den phróiseas foghlama. Ar an ábhar sin is mó a bhraitheann measúnú sa cheol ar shoiléire cuspóra ná ar phróisis chasta mheasúnaithe nó ar bhreis ama agus acmhainní. Tarlaíonn an measúnú is

éifeachtaí nuair a bhíonn an ceol ar siúl agus nuair a iarrann an múinteoir ar an bpáiste freagairt dó go samhlaíoch ar bhealaí éagsúla.

Sa rannóg seo, déantar cur síos ar bhreathnóireacht an mhúinteora mar phríomhuirlis mheasúnaithe sa cheol. Ar na modhanna eile a mholtar a úsáid tá:

*tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*

*samplaí oibre agus bailiúcháin*

*tionscadail*

*próifílí curaclaim.*

### *Breathnóireacht an mhúinteora*

Trí bhreathnóireacht a dhéanamh ar na páistí agus iad i mbun gníomhaíochtaí ceoil agus trí thorthaí na breathnóireachta sin a thaifeadadh, cuirfear ar chumas an mhúinteora tuairimí ar shaintréithe shaothar na bpáistí a cheapadh agus a chur in iúl, monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais an uile pháiste.

Agus breathnóireacht á húsáid mar uirlis mheasúnaithe ag múinteoir ba chóir dó/di bheith soiléir ina (h)aigne féin roimh ré faoin ngné d'iompar sa cheol a mbeadh sé/sí ag brath ar na páistí í a léiriú agus faoi na torthaí foghlama a mbeadh sé/sí ag súil leo. Cuireann ceistiúchán leantach neamhfhoirmiúil agus díospóireacht ranga le breathnóireacht an mhúinteora agus cabhraíonn comhdhálacha gearra chun díospóireacht a spreagadh faoi ghnéithe ar leith den obair agus den fhorbairt fhoriomlán in eolas, scileanna agus dearcadh na bpáistí. Déanfar go leor breathnóireachta agus na páistí ag obair i gcomhar i mbun tascanna grúpa, ach freisin, d'fhéadfadh an múinteoir na páistí a spreagadh chun léirithe ina mbeirteanna nó ina dtriúir chun a dheimhniú go mbíonn gach páiste rannpháirteach sna gníomhaíochtaí ceoil.

D'fhéadfaí breathnóireacht a dhéanamh ar pháistí ag obair i ngrúpaí nó ina n-aonar agus iad

- ag éisteacht go haireach le ceol
- ag caint faoinar chuala siad mar chuid de dhíospóireacht ranga
- ag léiriú nó ag scríobh faoinar chuala siad
- ag éisteacht le freagraí páistí eile
- ag gluaisteacht le ceol

- ag canadh a rogha amhráin
- ag seinm uirlise
- ag léamh rithimphatrúin shimplí nó shéisigh
- ag malartú idéanna le haghaidh gníomhaíochta cumadóireachta
- ag roghnú agus ag eagrú uirlisí
- ag cleachtadh le haghaidh léirithe ceoil
- ag iarraidh píosaí cumadóireachta a thaifeadadh, ar téip nó trí nodaireacht ghrafach thionscanta, nodaireacht shimplithe nó nodaireacht chaighdeánach.

### *Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*

Modh díreach agus modh éifeachtach chun meastóireacht a dhéanamh ar ghrúpaí páistí sa cheol is ea tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir. Orthu seo tá raon de thascanna scríofa, ó scríobh faoi phíosa ceoil nó rithim shimplí a bhreacadh ó dheachtú, go tascanna léirithe, mar shampla fonn nó amhrán a chanadh de mheabhair. I measúnú léirithe d'fhéadfadh sé a bheith i gceist measúnú a dhéanamh ar thorthaí (mar shampla, píosa cumadóireachta grúpa a taifeadadh); ar phróiseas (mar shampla, mar a roghnaíodh na huirlisí); agus ar an bpróiseas is ar an toradh le chéile (mar shampla, mar a roghnaigh, a mhalartaigh agus a shocraigh an grúpa na huirlisí agus mar a d'oibrigh siad i gcomhar le chéile chun léiriú ceoil a chruthú). Ní gá aon bhreis ama nó acmhainní chun measúnú léirithe a dhéanamh agus tugann sé don mhúinteoir modh intaofa measúnaithe a chomhlánaíonn cuspóirí agus oideolaíocht an churaclaim.

### *Samplaí oibre agus bailiúcháin*

Agus samplaí oibre agus bailiúcháin á n-úsáid aige/aici mar uirlisí measúnaithe, is féidir leis an múinteoir cuid mhór a fhoghlaim faoi fhorbairt an pháiste mar cheoltóir agus tig leis/léi an t-eolas a chnuasaíonn sé/sí a úsáid sa teagasc ina dhiaidh sin.

Nuair a chuimsíonn bailiúchán samplaí dá s(h)aothar a bailíodh thar thréimhse ama is féidir go léireofar go glé inti doimhneacht chomh maith le leithead fhoghlaim an pháiste i gceol. Mar uirlis mheasúnaithe, is féidir í a úsáid thar achar ama réasúnta gairid, téarma scoile amháin mar shampla, nó thar achar ama níos faide, mar shampla tréimhse dhá bhliain. Ba chóir go léireodh na nithe i mbailiúchán d'obair an pháiste raon gníomhaíochtaí ar fud na dtrí shnáithe: *Éisteacht agus freagairt*, *Léiriú* agus *Cumadóireacht;* d'fheadfadh rudaí mar nodaireacht thionscantach, dréachtaí de phíosaí cumadóireachta, sonraí faoi thionscadal éisteachta,

taifead de léiriú píosa cumadóireachta, nótaí ar fhéinmheasúnú agus tuairimí páistí eile nó tuairimí an mhúinteora bheith inti. I ndeireadh báire, braithfidh dearadh an bhailiúcháin ar an úsáid a bhainfear as: mar thaisceadán do lámhdhéantúsáin atá gaolmhar le ceol, mar fhianaise ar fhorbairt thar thréimhse ama, nó mar thaispeántas den chuid is fearr d'obair an pháiste.

Gléas a bhfuil dlúth-cheangal aige le bailiúchán oibre agus uirlisí eile measúnaithe is ea féinmheasúnú an pháiste agus is uirlis éifeachtach é chun a p(h)róiseas foghlama a nochtadh. Sa snáithe cumadóireachta bíonn tábhacht ar leith le féinmheasúnú sa phróiseas cruthaitheach agus leagtar béim air seo sa snáithaonad 'Píosaí cumadóireachta a phlé agus a thaifeadadh'. Is féidir é a úsáid chun léirsmaoineamh, idir bhriathartha agus neamhbhriathartha, a spreagadh agus chun machnamh ar leibhéal níos airde a chothú, agus, chomh maith, is féidir leis léargas úr a sholáthar ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama sa cheol. Is féidir cur go mór le tábhacht fhéinmheasúnú an pháiste agus le tábhacht a léirsmaoinimh ar a c(h)nuasach de shamplaí oibre agus ar a bhailiúchán oibre ach leas a bhaint as tuairisc foghlama. Freisin, d'fhéadfadh tuairisc foghlama cuntas a sholáthar ar thuiscint fhorásach an pháiste mar aon le léargas a thabhairt ar a d(h)earcadh forásach i leith ceoil agus ceoltóirí ó chultúir agus réanna difriúla.

Amhail na tascanna a dhearann an múinteoir, éilíonn measúnú na mbailiúchán oibre soiléire cuspóra seachas breis ama nó acmhainní; tá sé éifeachtach, áfach, chun bainisteoireacht agus measúnú a dhéanamh ar eispéireas foghlama an pháiste thar thréimhse áirithe ama.

### *Tionscadail*

Faoi mar a thugann bailiúcháin d'obair pháistí aonair chun suntais, tugann tionscadail caoi do pháistí comhoibriú go rannpháirteach le chéile in eispéireas ceoil. Agus é/í ag dáileadh tascanna ar ghrúpaí éagsúla sa rang ba chóir don mhúinteoir cuspóir an tionscadail agus an tairbhe a bhfuiltear ag dréim léi do gach duine sna grúpaí a shoiléiriú roimh ré; mar aon leis sin, ba choír dó/di critéir mheasúnaithe, idir theicniúil agus ealaíonta, a shocrú. Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn cúraimí á ndaileadh laistigh de ghrúpaí, tá sé tábhachtach, ó thaobh measúnaithe de, go roinntear ualach na hoibre go cothrom chomh fada agus is féidir. Anseo a leanas samplaí de thionscadail ghrúpa:

- ceol chun scéal a insint nó mar thionlacan dó a chumadh
- séis a sheinm de mheabhair
- uirlis cheoil nó fine uirlisí a dhearadh

- amhrán a chumadh
- foirm nodaireachta a thionscnamh
- seicheamh damhsa a cheapadh
- roinnt píosaí ceoil a roghnú agus éisteacht leo lena gcur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

Is cuid de mheasúnú suimitheach iad samplaí oibre, bailiúcháin oibre agus tionscadail, ó tharla gur féidir le múinteoirí leas a bhaint astu agus as a gcuntais féin chun teacht ar ghrád nó ar scór foriomlán do pháiste.

### *Próifílí curaclaim*

Cuntais ar dhul chun cinn atá bunaithe go príomha ar thuairimí an mhúinteora ar a bhfuil bainte amach ag páistí i leith bhunchuspóirí an churaclaim is ea próifílí curaclaim. Dealraíonn sé go bhfuil próifílí thar a bheith oiriúnach do cheol, ó tharla nach mbíonn slata tomhais caighdeánaithe eile ar fáil de ghnáth.

Is iad príomh-shaintréithe próifílí curaclaim ná táscairí gnóthachtála, leibhéil (nó bandaí) agus tascanna nó comhthéacsanna measúnaithe. Ráitis gnóthachtála a dhéanann cur síos ar a bhfuil bainte amach ag an bpáiste aonair is ea táscairí agus, de ghnáth, bíonn siad nasctha le cuspóirí an churaclaim. Samplaí de tháscairí gnóthachtála i gceol is ea 'aithníonn sé/sí ceol a bheith glórach nó bog' agus 'seinneann sé/sí raon de shéiseanna ar uirlis shéiseach'. Nuair a chuirtear tacair de tháscairí le chéile cruthaítear leibhéil (nó bandaí). D'fhéadfadh an múinteoir, agus forbhreithiúnas ar ghnóthachtáil páiste á cheapadh aige/aici, tagairt don dóigh ar éirigh leis an bpáiste i dtascanna measúnaithe éagsúla, iad siúd a ndéantar cur síos orthu sa mhír 'Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir', do bhailiúcháin oibre, do thionscadail, do thuairiscí foghlama pearsanta nó d'fhianaise scéaltach a dhéanfaí a thaifeadadh i rith ceachtanna ranga nó ina ndiaidh.

Ag druidim le deireadh na bliana scoile is féidir leis an múinteoir measúnú atá neamhfhoirmiúil ach bailí agus iontaofa a dhéanamh ar ghnóthachtáil an pháiste sa cheol trí leas a bhaint as a p(h)róifíl churaclaim.

## Cur chuige cothrom i leith an mheasúnaithe

Cé gur leagadh béim ar raon leathan d'uirlisí measúnaithe a bheadh oiriúnach don cheol, ba chóir a thuiscint nach mbeadh sé inmhianaithe nó praiticiúil na huirlisí seo uile a úsáid go leanúnach. Mar chuid de chur chuige ar bhonn scoile iomláine, d'fhéadfadh múinteoirí agus foireann scoile tús áite a thabhairt d'uirlisí áirithe a bheadh ag teacht le cur chuige sonrach don cheol—á gcur in oiriúint do shuímh dhifriúla foghlama nó d'achair ama éagsúla. Ar an gcéad dul síos braitheann bainisteoireacht measúnaithe ar chur chuige dea-eagraithe, buanseasmhach a bheith ann don teagasc, mar aon le tuiscint léir ar chuspóirí foghlama. Ó tharla measúnú sa cheol a bheith bunaithe go príomha ar an bhfoghlaim a bhíonn ar siúl, níor chóir de ghnáth gur ghá breis uirlisí nó breis ama chuige.

## Clárú agus cumarsáid

Soláthraíonn an raon d'uirlisí measúnaithe, idir bhreathnóireacht an mhúinteora, na tascanna agus na trialacha a dhearann an múinteoir, na samplaí oibre, na bailiúcháin oibre, na tionscadail agus na próifílí curaclaim, córas cuimsitheach chun leibhéal rannpháirtíochta, thuisceana, eolais agus scile gach páiste i ngach gné den churaclam ceoil a mheasúnú agus a thaifeadadh. Is féidir an lear mór eolais seo a úsáid i gcumarsáid le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le daoine gairmiúla eile chun pictiúr grinn a chruthú de ghnóthachtáil an pháiste agus dá riachtanais foghlama i gceol amach anseo freisin.

### *Cárta próifíle an dalta*

Ba chóir achoimre de ghnóthachtáil gach páiste sa cheol a chlárú ar chárta próifíle an pháiste agus an cárta sin a choinneáil i gcomhad sa scoil. Ba cheart go gcuimseofaí, mar chuid dhílis den eolas ar an gcárta sin, eolas i leith na dtrí shnáithaonad den churaclam ceoil mar aon le gearrthuairisc ar raon eispéireas éisteachta an pháiste, ar a (h)inniúlacht in amhránaíocht agus chun uirlisí a sheinm, ar a (h)oilteacht i léamh ceoil agus ar a (h)iarrachtaí cumadóireachta.

# Aguisín

# Gluais

Glactar go coitianta leis na sainmhínithe laistíos mar shainmhínithe inoibrithe lena n-úsáid le curaclam na bunscoile agus leis na treoirlínte do mhúinteoirí.

| | |
|---|---|
| aiceann | an bhéim ar bhuille nó buillí i mbarra ar leith |
| armóin | dhá fhuaim nó níos mó a sheinntear nó a chantar le chéile |
| buille | an chuisle chothrom leanúnach sa cheol |
| cabasa | cnaguirlis, cruth sorcóireach uirthi agus í clúdaithe le sreanganna de choirníní miotail a chasann gan bac ar a dromchla cuarach chun díoscán a dhéanamh |
| chomhartha ama | an comhartha suite ag tús an cheoil a chuireann líon na mbuillí i ngach barra in iúl |
| cliathnodaireacht | nótaí scríofa ar chliath chúig líne |
| cnagadh coirp | úsáid a bhaint as codanna éagsúla an choirp chun fuaimeanna agus rithimí éagsúla a chruthú, m.sh. greadadh bos, satailt srl |
| cnaguirlisí | uirlisí a bhuailtear nó a chroitear, m.sh. tambóirín, triantán; tugtar nóta sonrach ag tuinairde ceolchoirme do chnaguirlisí tiúnta; ní thugtar nóta sonrach do chnaguirlisí neamhthiúnta |
| comhdhéanamh | plean iomlán píosa ceoil, m.sh. AB: dhá roinn i gcodarsnacht |
| cuisle | an 'chuisle' bhunúsach sa cheol |
| diatonach | bunaithe ar na nótaí *d, r, m, f, s, l, t, d'* |
| dinimic | glór nó boige píosa ceoil, m.sh. suantraí—bog *(p)*, máirseáil—glórach *(f)* |
| dordán | nóta nó nótaí fada marthanacha |
| eochair na tribile nó G 𝄞 | an buanchomhartha tuinairde ag tús na cleithe chun an tuinairde bhuan darb ainm G a aithint |
| forshéis | páirt bhreise taobh thuas de líne na séise in eochair na tribile |
| gléaschomhartha | ag tús píosa ceoil taispeánann sé suíomh *doh* |
| idirchéim | an fad idir dhá nóta atá éagsúil ó thaobh tuinairde |
| lámhchomharthaí | gothaí a úsáidtear chun tuinairde i sólfá a chur in iúl |
| luas | luas na cuisle bunúsaí |


Aguisín

| | |
|---|---|
| méadar | an bunchnuasach de bhuillí i ngach barra ceoil, mar a léirítear sa chomhartha ama |
| mionscála | scála bunaithe ar na nótaí *l, t, d, r, m, f, si, l′,* ag tosú ar *lah* in ionad *doh*, agus an seachtú nóta géaraithe *(si)* |
| mír | roinn nádúrtha sa líne shéiseach; cosúil le habairt nó cuid d'abairt |
| mórscála | scála bunaithe ar na nótaí *d, r, m, f, s, l, t, d′* – ainm eile ar an scála diatonach |
| mothúchán | an cineál mothúcháin a chruthaítear trí cheol, m.sh. áthasach, brónach |
| ochtach | an fad idir nótaí den ainm céanna, ocht nóta níos airde nó níos ísle: m.sh. D, E, F, G, A, B, C, D |
| ostinato | patrún ceoil a athdhéantar go leantach—é rithimeach nó séiseach |
| rithim | réanna éagsúla fuaime, fada agus gearr |
| rothlam | séis amháin a ndéantar aithris bheacht uirthi ó thaobh tuinairde agus rithime líon ar bith de bhuillí níos déanaí; de ghnáth bíonn dhá mhír, trí mhír nó ceithre mhír inti agus athdhéantar í líon ar bith uaireanta. |
| scála módúil | scála bunaithe ar na nótaí den mhórscála ach ag tosú agus ag críochnú ar nóta seachas *doh*; m.sh. *mód re*: *r, m, f, s, l, t, d′, r′* |
| scála peinteatonach | scála chúig nóta: *d, r, m, s l,* ata in úsáid go foirleathan i gceol tíre. Tig le scálaí peinteatonach tosnú ar nóta ar bith: m.sh. is iad na nótaí *m, s, l, d, r,* atá i scála peinteatonach *mi*. Is féidir scála peinteatonach a sheinm ar nótaí dubha an phianó: m.sh. ag tosú ar F♯ is iad na trí nótaí tosaigh le chéile ná *d, r, m,* agus an chéad dá nóta dubha eile ná *s* agus *l* |
| siollaí rithime | focail nó siollaí a úsáidtear chun ré a léiriú sa rithim |
| sioncóipiú | teagmhais aiceann nach bhfuiltear ag súil leo i gceol méadrach |
| slatnodaireacht | cineál luathscríbhneoireachta a úsáidtear chun rithim a bhreacadh síos go tapa agus go héasca; m.sh. léirítear croisín mar: ꜏ agus camán mar: ꜊ |

Gluais

**sólfá tonach** — ainmneacha tuinairde inaistrithe: *d, r, m, f, s, l, t, d'*

**sos** — easpa fuaime ar feadh achair shonraigh, de réir an chomhartha ceoil, m.sh.



| | | | |
|---|---|---|---|
| sos<br>leathláin<br>4 bhuille | sos<br>minim<br>2 bhuille | sos<br>croisín<br>1 bhuille | sos<br>camáin<br>leathbhuille |

**stíl** — tagraíonn sí do theaglam de luas, tondath agus dinimic

**tondath** — an fhuaim shainiúil thréitheach a thugann uirlisí éagsúla ceoil, m.sh. trumpa, veidhlín

**tremoló** — athrá nóta amhaín nó iomlaoid dhá nóta go tapa

**tuinairde** — téarma a thagraíonn do cháilíocht airde-ísleachta d'fhuaim cheoil

**uigeacht** — tagraíonn sí do theaglamaí fuaimeanna: fuaimeanna singile nó fuaimeanna le chéile

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon

Ullmhaíodh an curaclam seo ag an gCoiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Kieran Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Michael O'Reilly | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Eibhlín de Ceannt *(ó 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Evelyn Dunne-Lynch *(go 1995)* | Comhairle Náisúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sarah Gormley *(ó 1995)* | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Michelle Griffin *(go 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Sr Maria Hyland | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Maureen Lally-O'Donoghue | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Padraig Mac Sitric | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Mulkerrins | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Emer Nic Aogáin *(go 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Páilín Nic Aogáin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Kay O'Brien | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Noel Ó Ceallaigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Ruairí Ó Cillín | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Colum Ó Cléirigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Br Padraig Ó Riain *(go 1995)* | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Gilllian Perdue *(go 1993)* | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Joy Shepherd | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Máire Uí Rinn | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Goretti Uí Thnúthail | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Oifigigh oideachais** | Ríona Ní Mhurchú | |
| | Catherine Walsh | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

Aguisín

ISBN 0-7076-6307-5
9 780707 663074

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA